An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

# Tuarascáil Bhliantúil

AN BHLIAIN DAR CRÍOCH MEITHEAMH 2004



Arna cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoi réir Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002

## Ráiteas Misin

Rialáil a dhéanamh go hionraic, go neamhchlaonta agus go heolach chun forbairt thapa d'earnáil theileachumarsáide iomaíoch den scoth a chuireann an praghas, an rogha, agus an caighdeán is fearr ar fáil don úsáideoir deiridh, a mheallann infheistíocht ghnó agus a thacaíonn le fás leanúnach sóisialta agus eacnamaíoch, agus chun oibriú leis an bhfócas céanna chun foráil a dhéanamh d'úsáideoirí laistigh den chreat atá leagtha síos don rialáil poist.

ISSN: 1649-3117

Designed and produced by Source Design Consultants

# Clár Ábhar


**Eolas ar ComReg**

Coimisinéirí 2

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin 3

Struchtúr Eagrúcháin 4

Ról ComReg 7

Athbhreithniú ón gCathaoirleach 8

Acmhainní Daonna 10

**Sracfhéachaint ar Earnáil na Cumarsáide** 12

**Iomaíocht** 14

**Athbhreithnithe Margaidh/Nuálaíochta** 20

**Tomhaltóirí** 22

**Ceadúnú Raidió** 26

**Bainistíocht Speictrim** 30

**Uimhriúchán** 32

**An Post** 34

**Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta** 38

**Clár don Am Amach Romhainn** 41

**Cumarsáid agus Foilseacháin** 42

**Rialachas Corparáide** 42

**Faisnéis Airgeadais** 43

**Aguisín 1 Liosta cáipéisí a d'fhoilsigh ComReg i rith na bliana** 59

# Coimisinéirí

**Mike Byrne**
Coimisinéir

**Isolde Goggin**
Coimisinéir (Cathaoirleach)

**John Doherty**
Coimisinéir



# An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



**Donal Leavy**
Stiúrthóir Chuntais Rialúcháin agus Airgeadais



**David Gunning**
Stiúrthóir Chreat Margaidh



**Gary Healy**
Stiúrthóir Forbartha Margaidh



**Shay O'Malley**
Stiúrthóir Acmhainní Daonna



**Sebastian Farr**
Comhairleoir Sinsireach Dlí

# Struchtúr Eagrúcháin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar 1 Nollaig, 2002. Bíonn triúr Coimisinéirí i gceannas ar ComReg: Isolde Goggin (Cathaoirleach) John Doherty agus Mike Byrne. Tá sé roinnte ina chúig phríomhrannóg a fhaigheann tacaíocht ón gComhairleoir Sinsireach Dlí agus ó Aonad Gnóthaí Pobail. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmiúla a oibríonn i dtimpeallacht il-disciplíneach.

Tá réimse leathan freagrachtaí ag ComReg a bhaineann le bainistíocht speictrim agus poist, chomh maith le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Cuireann ComReg trí mhór-Acht i bhfeidhm i leith na teileachumarsáide, trí cinn déag i leith na bainistíochta speictrim agus na teileagrafaíochta raidió, agus lear mór ionstraimí reachtúla a chlúdaíonn na trí rannóg. Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chothú, tomhaltóirí a chosaint agus nuálaíocht a spreagadh. San obair seo, bímíd ag déileáil le saincheisteanna casta dlí, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus ag cinntiú go nglactar ár gcinntí ar shlí chóir agus go mínítear go hiomlán iad.

Feidhmíonn an Coimisiún mar chomhlacht coláisteach, agus glacann an triúr Coimisinéirí le gach cinneadh trí chomhaontú. Feictear dúinn go bhfuil sé seo tábhachtach chun spiorad an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002, a bhunaigh an Coimisiún, a chomhlíonadh. Tá rólanna ar leithligh ag na Coimisinéirí freisin, a bhfuil sé mar aidhm acu breis luacha a chur le hobair na heagraíochta, rochtain a éascú do lucht leasa seachtracha ar nós an tionscail teileachumarsáide, an Rialtas, tomhaltóirí, grúpaí ionadaíocha agus grúpaí gnó, agus an chumarsáid inmheánach a éascú.

### Cathaoirleach an Choimisiúin – Isolde Goggin

Tá Isolde Goggin freagrach as an ról Nuálaíochta. Clúdaíonn sé seo nuálaíochtaí rialála, ar nós chur i gcrích an chéad bhabhta athbhreithnithe margaidh faoi chreat nua rialála na hEorpa, agus nuálaíochtaí teicniúla. Clúdaíonn an ról athbhreithniú straitéis speictrim ComReg, nuálaíochtaí i réimse an cheadúnaithe raidió, agus cur chun cinn na hÉireann mar ionad tástála i gcomhair úsáidí nua de speictream. Clúdaíonn sé freisin forbairt straitéise rialála teileachumarsáide forásaí, ag tógáil san áireamh treochtaí nua teicniúla, eacnamaíochta agus rialála, éabhlóid na seirbhísí poist agus an chreat rialála a théann leis.

### An Coimisinéir John Doherty

Bíonn cúram na hIomaíochta ar John Doherty. Is éard atá i gceist anseo ná an uasmhéid íomaíochta agus is féidir a chumasú i Leathanbhanda, Guth agus Guth thar Phrótacal Idirlín trí réimse beartais, lena n-áirítear LLU, giotánsruth, leathanbhanda gan sreanga (lena n-áirítear leathanbhanda gan sreanga soghluaiste) cábla agus bonneagar ailtéarnach. Is eisean freisin a stiúrann cur chun cinn na hiomaíochta feabhsaithe i ngutháin phóca trí iontrálaithe MVNO, athbhreithniú agus coigeartú ar chóras praghsála mórdhíola líonra fosaitheach, agus maoirsiú ar chomhlíonadh na n-oibreoirí d'oibleagáidí faoin gcreat rialála i gcomhair teileachumarsáide, speictrim agus na seirbhíse poist.

### An Coimisinéir Mike Byrne

Is é Mike Byrne a bhíonn i gceannas ar Ghnóthaí Tomhaltóirí agus ar chur chun cinn leasa úsáideoirí san eagraíocht. Clúdaíonn an ról seo tomhaltóirí cónaithe agus gnó, chomh maith le heagraíochtaí móra ionadaíochta tomhaltóra, agus áirítear teileachumarsáid, feidhmiúcháin cheadúnaithe speictrim agus seirbhísí poist ann freisin. Clúdaíonn sé forbairtí rialála a mbíonn tionchar acu ar thomhaltóirí miondíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm forálacha cosanta tomhaltóirí na dTreoracha Uilíocha Poist agus Seirbhíse. Déanann Mike maoirsiú ar bheartais fhaisnéise tomhaltóirí onnghníomhacha, ar nós eolairí tomhaltóirí agus an Láithreán Gréasáin um Phraghsáil Chomparáideach atá ar an mbealach, agus feidhm an chúraim thomhaltóirí laistigh de ComReg. Déanann an ról seo maoirsiú freisin ar fhorbairt straitéiseach na feidhme um Oibríochtaí Ceadúnaithe laistigh de ComReg, a láimhseálann níos mó ná 16,000 ceadúnas in aghaidh na bliana.

Déan teagmháil le:
Marie Cussen,
Cúntóir Feidhmiúcháin an Choimisiúin
Teil: 01 8049689

Colette Andrews,
Cúntóir don Choimisiún
Teil: 01 8049644

## Is iad na Cúig Rannóg agus a Stiúrthóirí ná:

### Forbairt Margaidh – Stiúrthóir: Gary Healy

Tá Forbairt Margaidh freagrach as forbairt agus cothabháil tuisceana ar stádas agus féidearthachtaí forbartha earnáil na cumarsáide. Tá aithint agus bailiú eolas ábharthach chun cur ar chumas ComReg forbairtí nua agus treochtaí na todhchaí a thuar mar ghníomhaíocht lárnach na Rannóige seo. Tá sé freagrach freisin as athbhreithnithe margaidh a stiúradh mar atá leagtha amach i gcreat rialála an AE agus as an gCoimisiún Eorpach a chur ar an eolas maidir le torthaí anailís ComReg. Eisíonn Forbairt Margaidh an Fhaisnéis is déanaí ón Margadh agus comhthadhlaíonn sé go rialta le comhlachtaí teileachumarsáide idirnáisiúnta ar nós an OECD ar shonraí margaidh.

Déan teagmháil le: Sonja Owens,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049738

### Creat Margaidh – Stiúrthóir: David Gunning

Tá Creat Margaidh freagrach as an gcóras ginearálta údarúcháin a bhainistiú d'earnáil na cumarsáide leictreonaí in Éirinn agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ginearálta údarúcháin. Bainistíonn Creat Margaidh an speictream raidió freisin agus eisíonn sé thart ar 16,000 ceadúnas Raidió-Theileagrafaíochta do chuideachtaí agus daoine aonair éagsúla gach bliain. Ina theannta sin, riarann Creat Margaidh Plean Uimhriúcháin na hÉireann, chomh maith le creat a sholáthar i gcomhair táirgí rialála nua do mhargaí gan sreanga agus margaí fosaitheacha.

Déan teagmháil le: Sinead Devey,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049621

### Oibríochtaí Margaidh -Stiúrthóir Folúntas

Déileálann Oibríochtaí Margaidh le saincheisteanna ó lá go chéile a bhaineann le rialáil an mhargaidh lena n-áirítear idirnascadh, díospóidí a réiteach agus an lúp logánta a dhíchuachadh. Is príomhghníomhaíocht de chuid Oibríochtaí Margaidh ná maoirseacht ar phraghsáil agus seirbhís uilíoch a chinntiú do gach tomhaltóir i leith eircom. Déanann an Rannóg seo riaradh ar Ghnóthaí Tomhaltóirí freisin, ag tabhairt comhairle agus cabhrach do thomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu lena soláthróirí seirbhíse. Tá freagracht i gcomhair earnáil an phoist ar Oibríochtaí Margaidh freisin.

Déan teagmháil le: Michelle Townshend,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049654

### Cuntais Rialúcháin agus Airgeadais – Stiúrthóir: Donal Leavy

Bainistíonn an Rannóg seo rialú airgeadais ComReg agus na gnéithe rialúcháin airgeadais de na hearnálacha teileachumarsáide agus poist.

Déan teagmháil le: Sharon Ward,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049710

### Acmhainní Daonna – Stiúrthóir: Shay O'Malley

Déanann an Rannóg seo straitéisí acmhainní daonna den scoth a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun feidhmníocht agus éifeachtúlacht na heagraíochta a fheabhsú. Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as acmhainní daonna, córais fhaisnéise, saoráil faisnéise agus feidhmeanna ginearálta bainistíochta saoráidí.

Tá roinnt duaiseanna ardghradaim Acmhainní Daonna faighte ag ComReg, lena n-áirítear an Excellence through People Standard agus gradam oiliúna náisiúnta an Irish Institute of Training and Development. Tugann na gradaim seo aitheantas d'eagraíochtaí in Éirinn a léiríonn sárchleachtas i leith acmhainní daonna agus tiomantas leanúnach d'fhorbairt na hacmhainne daonna.

Déan teagmháil le: Celine Gorman,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049751

# Struchtúr Eagrúcháin

ar lean

## Faigheann an Eagraíocht tacaíocht ó Chomhairleoir Sinsireach Dlí agus ó Aonad Gnóthaí Pobail.

### Comhairleoir Sinsireach Dlí
### Sebastian Farr

Tugann an Comhairleoir Sinsireach Dlí comhairle faoi gach mór-ábhar dlí agus faoi impleachtaí dlí a bheadh ag beartais chumarsáide in Éirinn agus san AE.

Déan teagmháil le: Clare Kelly,
Cúntóir na Rannóige ag 01 8049738

### Aonad Gnóthaí Pobail

Eisíonn an tAonad Gnóthaí Pobail preasráitis agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis in iúl do na meáin agus don phobal thar ceann ComReg. Bainistíonn an tAonad ár láithreán gréasáin freisin, eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir agus foilsíonn sé an Tuarascáil Bhliantúil agus foilseacháin eile, lena n-áirítear nuachtán ráithiúil ComReg.

Déan teagmháil le: Tom Butler,
Bainisteoir Gnóthaí Pobail ag 01 8049639

# Ról ComReg

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na n-earnálacha cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus craolachán) agus poist. Is é ComReg an t-údarás rialála náisiúnta do na hearnálacha sin de réir dhlí na hÉireann agus an AE.

Cumhdaíonn ár sainchúram líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide lena n-áirítear:

- Córais traidisiúnta teileafóin;
- Líonraí soghluaiste a chuireann seirbhísí gutha agus sonraí ar fáil;
- Cumarsáid raidió lena n-airítear raidió fosaitheach a chuireann seirbhísí éagsúla ar fáil;
- Tarchur traidisiúnta teilifíse agus raidió
- Teilifís Chábla;
- MMDS agus oibríochtaí sraonta a chuireann seirbhísí teilifíse ar fáil;
- Creat Ceadúnais do Sheirbhísí Satailíte in Éirinn.

Ina theannta seo, de réir Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá raon feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara agus poist a chur ar fáil. Áirítear leo sin:

- comhlíonadh oibleagáidí a chinntiú;
- iomaíocht a chothú;
- cuidiú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh;
- leas úsáideoirí a chur chun cinn laistigh den Comhphobal Eorpach;
- bainistíocht agus úsáid éifeachtach an speictrim mhinicíochta raidió agus uimhreacha ón scéim náisiúnta uimhrúcháin a chinntiú;
- forbairt earnáil an phoist a chur chun cinn agus go háirithe seirbhís uilíoch a bheith ar fáil laistigh den Stát, uaidh agus chuige ag praghas inacmhainne chun leasa gach úsáideoir, lena n-áirítear úsáideoirí faoi mhíchumas.

Ní mór do ComReg Treoracha Beartais a eisíonn an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a chomhlíonadh. Eisíodh an dara beart de threoracha do ComReg i mí an Mhárta 2004.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo leagtha amach chun déileáil le gníomhaíochtaí ComReg i ndáil le gach ceann de na réimsí sin.

Cruthaíonn ComReg iomaíocht in earnáil na cumarsáide trína éascú do dhreamanna nua teacht isteach sa mhargadh trí údarú ginearálta chun líonraí agus seirbhísí a chur ar fáil, agus trí rochtain ar líonraí a rialáil d'fhonn rogha éifeachtach a fhorbairt do thomhaltóirí gnó agus tí. In earnáil atá ag athrú agus ag fás go tapa, ó thaobh na teicneolaíochta agus na tráchtála de, cuireann ComReg creat ar fáil chun seirbhísí nua a thabhairt isteach, mar shampla, Limistéar Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA).

Is é an fócas do rialáil sa tseirbhís phoist i margadh atá liobrálaithe i bpáirt ná an Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (USO) a chothabháil agus a chinntiú go mbíonn praghsanna An Post dírithe ar chostas. Tá ComReg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsúcháin i gcaighdeán seirbhíse trí spriocanna a leagan síos i gcomhair sheachadadh poist agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú caighdeán seirbhíse i gcoinne spriocanna atá leagtha amach de réir caighdeáin Eorpacha.

Díríonn ár gcuid gníomhaíochtaí ar úsáideoirí gnó agus tí na cumarsáide agus ar oibreoirí.

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo ar bpríomhghníomhaíochtaí ó Iúil 2003 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2004.

# Athbhreithniú ar an mBliain leis an gCathaoirleach



Tá sé mar aidhm ag ComReg a chinntiú go bhfuil earnáil teileachumarsáide iomaíoch in Éirinn a thugann rogha seirbhísí ar ardchaighdeán do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, ag praghsanna iomaíocha. Tá ról fíor-thábhachtach ag an earnáil seo i gcroílár ár ngeilleagair agus ár sochaí. Tá tiomantas ag ComReg rogha agus iomaíocht a chur chun cinn, ós rud é go bhfuil sé ar son ár leasa go léir earnáil bhríomhar cumarsáide a bheith againn.

Sa tréimhse lena mbaineann an Tuarascáil Bhliantúil seo, ón Iúil 2003 go dtí Meitheamh 2004, is ea a bhí fás agus feabhsú leanúnach le feiceáil laistigh d'earnáil na teileachumarsáide. Tháinig méadú de os cionn 5% ar láimhdeachas don earnáil mar thoradh ar fheidhmiú seirbhísí nua, mar shampla leathanbhanda raidió agus fosaitheach, agus tuilleadh fáis in úsáid na nguthán póca.

I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, thosaigh ComReg ag déanamh athbhreithnithe ar 18 margadh cumarsáide leictreonacha lárnacha mar atá leagtha amach faoi Chreat Rialála an AE a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2003. Tá athruithe bunúsacha déanta ag an gcóras nua seo ar an tslí ina ndéanann údaráis mar ComReg rialáil ar earnáil na cumarsáide leictreonaí. Ghluais ComReg go tapa chun athbhreithnithe a chur ar bun agus na leibhéil iomaíochta i réimse a thomhas, lena n-áirítear teileafónaíocht fhosaitheach, shoghluaiste, craoladh agus leathanbhanda.

Faoin gcóras nua, tá bunús ComReg i gcomhair idirghabháil a dhéanamh i margadh bunaithe ar chinneadh go bhfuil oibreoir nó oibreoirí i bhforcheannas i margadh áirithe. Déantar cinntí ComReg ar iomaíocht sa mhargadh a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach. Tá áthas orm a rá go bhfuil Éire i measc an ghrúpa tosaíochta tíortha atá ag oibriú a bhealach tríd an bpróiséas athbhreithnithe margaidh.

Tá clár oibre 2005 Comreg ar fáil ar láithreán gréasáin ComReg - www.comreg.ie. Sa chlár seo tá na spriocanna a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2003-2005 ComReg. I mo thuairimse, tá dul chun cinn suntasach déanta i leith na gcuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise, mar shampla tabhairt isteach iniomparthacht iomlán uimhreacha soghluaiste, an próiséas athbhreithnithe margaidh agus creat údarú poist nua, i measc nithe eile.

### Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn

Ag leanacht ar chor chun donais sa tionscal idirnáisiúnta i 2001/2, rinne an tionscal teileachumarsáide in Éirinn dul chun cinn maith i go leor réimsí sa tréimhse ó mhí Iúil 2003 go mí an Mheithimh 2004.

- Tháinig méadú 5% ar ioncam tríd is tríd sna hearnálacha gutháin fhosaithigh, gutháin póca agus craoltóireachta ar fhigiúr na bliana roimhe sin go €3.7bn. Rinneadh an sciar den mhargadh atá ag Oibritheoirí Údaraithe Eile (OAO) a chothabháil ag thart ar 20% don tréimhse sin.

- Lean earnáil na nguthán póca uirthi ag fás agus bhí úsáid na nguthán póca in Éirinn ag 89% - méadú 8% ar 2003. Bhí 3.5 milliún shíntiúsóir ghuthán póca ann sa tréimhse sin, agus tháinig méadú 25% ar úsáid SMS. D'fháiltigh ComReg roimh laghduithe a rinneadh ar tháillí foirceanta gutháin phóca, rud a chuidigh le rátaí a choinneáil íseal anseo i gcomparáid le caighdeáin na hEorpa.

- Lean na hoibreoirí ábhartha le feidhmiú na líonraí teileachumarsáide soghluaiste nua 3G, ag teacht le coinníollacha ceadúnais. Tá ComReg ag súil le tuilleadh forbartha a bheith déanta ar sheirbhísí agus ar tháirgí 3G sna blianta amach romhainn.

- Is léiriú í an úsáid níos mó atáthar ag baint as an Idirlíon ar lucht gnó agus tí atá níos muiníní agus dearbhaíonn na sonraí spreagúla tráchtála leictreonaí atá le fáil inár suirbhéanna Idirlín gach ráithe é sin. Má chuirtear an méid sin leis an líon daoine a ghlac le táirgí ag bunráta ó seoladh FRIACO ag deireadh mhí an Mheithimh 2003, tá cuma mhaith ar an todhchaí. Léirigh suirbhé teaghlaigh Mheitheamh 2004 a rinne an CSO go bhfuil tuilleadh fáis tagtha ar an líon atá ag úsáid an idirlín go 38.2% Tá an fás leanúnach ar an líon a bhfuil rochtain acu air agus atá ag úsáid an Idirlín mar phríomheilimintí i mbaint amach an dá chuspóir náisiúnta ar ghlacadh leathanbhanda agus iomaíochas.

- Tháinig méadú 9% ar chainéil rochtana ISDN bliain i ndiaidh bliana go 423,000.

- Tháinig méadú 5% ar líon na síntiúsóirí Teilifíse Digití, arb ionann sin agus 33% de na líonta tí ar fad a bhfuil teilifíseán acu.

### Forbairtí Línte fosaitheacha

Bhí seoladh an táirge Bhilleáil Amháin/Chíos Líne Mórdhíola ar cheann de na forbairtí ba shuntasaí do thomhaltóirí i rith na bliana. Tar éis na Danmhairge, tá Éire mar an t-aon tír eile de chuid an AE a bhfuil Billeáil Amháin seolta acu. Cuireann an táirge seo ar chumas na dtomhaltóirí den chéad uair soláthróir eile a roghnú más mian leo agus a bheith ábalta bille amháin a fháil i gcomhair chíos líne fosaitheach agus glaonna. Tá tabhairt isteach an táirge seo tar éis infhaighteacht mhéadaithe réimse bhearta táirgí nua agus nuálacha ag pointí costais sainiúla a chlúdaíonn gach rud a spreagadh. Tá an ceannach ar an táirge spreagúil, le os cionn 17,000 ag cinneadh an táirge a thógáil sa chéad dá mhí. Ceaptar go méadóidh an figiúr seo go dtí os cionn 100,000 laistigh de shé mhí.

### Leathanbhanda

Tá fás suntasach tagtha ar an méid daoine a thosaigh ag úsáid leathanbhanda mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar infhaighteacht seirbhísí leathanbhanda ar chostas iomaíoch. Má tá Éire chun na leibhéil úsáide a fheictear go hidirnáisiúnta a bhaint amach, ní mór fócas leanúnach a bheith ar thionscnaimh atá dírithe ar sholáthar agus éileamh.

D'eagraigh ComReg roinnt tionscnamh i rith na bliana chun cabhrú le heolas faoi agus úsáid leathanbhanda i measc úsáideoirí gnó agus tí a mhéadú. Ar 1 Deireadh Fómhair, 2003 bhí Comhdháil Náisiúnta bhliantúil ComReg, dar teideal "Get Connected" ar siúl san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath. Ba í an aidhm a bhí ag an gcomhdháil ná bealaí nua a aimsiú chun éileamh ar leathanbhanda a mhéadú i measc tomhaltóirí gnó agus tí. Ag deireadh na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo bhí os cionn 55,000 síntiúsóir tar éis leathanbhanda a fháil. Leanann ComReg ag obair le tionscal agus soláthróirí seirbhíse chun a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí in Éirinn teacht ar leathanbhanda ag praghsanna iomaíocha agus creidimid go gcabhróidh tionscnaimh rialúcháin ar nós an Cheadúnais Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh. (FWALA) tuilleadh iomaíocht leathanbhanda a chothú.

### Guthán Póca

Shroich an ráta glactha do ghutháin phóca 89% nó 3.5 milliún i rith thréimhse na tuarascála seo. Bhí roinnt forbairtí suntasacha ann laistigh d'earnáil na nguthán phóca freisin sa tréimhse seo. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2004, rinne timpeall 142,000 custaiméir a n-uimhreacha gutháin phóca a iompar ón am ar cuireadh an tseirbhís ar fáil i dtosach i mí Iúil 2003. Cuireann Iniomparthacht Uimhreacha Gutháin Phóca (MNP) ar chumas tomhaltóirí athrú idir líonraí éagsúla chun tairbhe a bhaint as tairiscintí iomaíocha gan aon chostais bhreise ná na míchaoithiúlachtaí a bhaineann le hathrú uimhreacha a tharraingt orthu féin.

### Nuálaíocht

Déanann ComReg iarracht freisin cabhrú le cuideachtaí seirbhísí nua agus nuálaíocha a sholáthar don phobal. Áirítear leo seo seirbhísí mar Ghuth Thar Phrótacal Idirlín (VoIP), custaiméirí ag bogadh chuig Líonraí an Chéad Ghlúin Eile agus forbairtí i rochtain úsáideoirí agus seachadadh ábhar. Mar fhreagairt ar ábhair mar seo, tá iarracht déanta ag ComReg nuálaíocht a chur chun cinn agus baic ar iontráil a laghdú. Cuireann sé seo ar chumas chuideachtaí teicneolaíochtaí nua agus táirgí tomhaltóirí nua a thabhairt go dtí an margadh go tapa.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an tionscal agus leo siúd ar fad a roinnt a gcuid tuairimí linn le linn na gcomhairliúchán ar fad a chuir ComReg ar bun. Ní i gcónaí a bheidh na tuairimí céanna ag ComReg is a bheidh ag na cuideachtaí laistigh den earnáil a rialaíonn sé. Cé go dtárlódh sé go mbeadh éagsúlacht tuairimí agus béime ann ar ábhair éagsúla, is mór liom na hiarrachtaí a rinne siad siúd ar fad a chuaigh i mbun cainte le ComReg i rith ár bpróisis chomhairliúcháin.

Ós rud é go bhfuil tionscal chomh bríomhar le cumarsáid leictreonach á rialú ag ComReg, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ar an eolas muid maidir le forbairtí agus treochtaí i margaí eile san am atá romhainn. Sa chomhthéacs seo, tá Grúpa Comhairleach Saineolaithe bunaithe ag ComReg, i gcomhar leis an bPainéal don Am Amach Romhainn. Tá an Grúpa seo comhdhéanta de shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta sa rannóg a chasann le agus a chuireann comhairle ar fhoireann bainistíochta sinsireach ComReg ar bhonn ráithiúil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad ag ComReg as ucht an chur chuige agus an ghairmiúlacht a léirigh siad i rith na bliana. Mar eagraíocht, aithnimíd an riachtanas atá ann go léireodh rialaítheoirí dea-chleachtas ó thaobh trédhearcachta agus freagrachta de. Leanamar ag baint amach na gcaighdeán gairmiúil is airde ó thaobh rialachas corparáide de. Bhí an-sásamh le baint as a bheith ag obair le foireann chomh tiomanta agus bríomhar sin.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach

# Acmhainní Daonna

### Rannóg Acmhainní Daonna

Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna straitéisí agus beartais acmhainní daonna den scoth a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, straitéisí agus beartais atá curtha le chéile chun an fheidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú. Tá an Rannóg freagrach freisin as na feidhmeanna eagrúcháin seo a leanas a bhainistiú:

- córais fhaisnéise;
- saoráil na faisnéise;
- saoráidí.

### Gradam Forbartha Acmhainní Daonna

Aithníonn ComReg gur príomhghné den rathúlacht leanúnach atá san fhorbairt acmhainní daonna agus nach féidir feidhmíocht den scoth a bhaint amach ach trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh san fhoireann agus tiomantas a thabhairt dóibh. Tá áthas orainn gur tugadh aitheantas dár gcórais agus dár mbeartais go seachtrach, trí athnuachan a bheith déanta ar "Excellence Through People", caighdeán náisiúnta d'fhorbairt acmhainní daonna. Déanann an gradam seo ceiliúradh ar eagraíochtaí in Éirinn a léiríonn sárchleachtas agus tiomantas leanúnach d'fhorbairt acmhainní daonna.

### Ceapacháin Ard-Bhainistíochta

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunú an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar 1 Nollaig 2002. Ceapadh John Doherty mar Chathaoirleach don Choimisiún ar 1 Nollaig 2003, ag teacht i gcomharbacht Etain Doyle, a d'éirigh as an gCoimisiún ar 30 Meitheamh 2004.

Tá an Coimisiún, mar aon leis an gCoiste Beartas Bainistíochta (MPC), freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibríochtúil na heagraíochta. I rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, cheap ComReg duine de bhaill nua an MPC, Sebastian Farr, ina Chomhairleoir Sinsireach Dlí.

## Córais Fhaisnéise

Is é misean fheidhm córais fhaisnéise ComReg ná tacú leis an eagraíocht ag leibhéal eagrúcháin; luailiú seiftiúil a chur ar fáil i dtaca le córais fhaisnéise agus feidhmchláir MIS, agus ag an am céanna tionscnaimh straitéiseacha a chumasú de réir mar a éilítear. Lean an fheidhm córais fhaisnéise ag feidhmiú chun gnó luachmhar a chumasú do ComReg. I rith na tréimhse, chuir sé tús leis agus rinne sé éascú ar raon leathan tionscadal i rith na bliana; mar shampla, cur i bhfeidhm clár ar líne agus saoráidí cuardaigh i gcomhair soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide agus poist cheadaithe.

Ina theannta seo, cuireadh i bhfeidhm iarratais ar líne i gcomhair Údaruithe Poist. Cuireadh seirbhísí IT ar fáil, Rochtain Idirlín Raidió ina measc, i gcomhair réimse cruinnithe agus comhdhálacha, Comhdháil Náisiúnta ComReg ina measc. I measc tionscadail eile a bhí cur i bhfeidhm réiteach teicniúil i gcomhair scéim phíolótach cian-oibrithe ComReg agus ionchur sa Choiste Idir-Rannach faoi Shlándáil Faisnéise agus Líonra.

## Saoráil Faisnéise

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán le reachtaíocht Saorála Faisnéise agus, i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, rinneadh 10 n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Bhí fócas an tionscadail bhainistíochta na dtaifead – atá ann chun malartú faisnéise a chothú agus rochtain agus slandáil a chur ar fáil don fhaisnéis a chruthaíonn, a úsáideann agus a stórálann an eagraíocht - ar oiliúint agus comhlíonadh foirne. Cuireadh tús leis an obair ar chur i bhfeidhm bogearraí chun iarratais agus comhfhreagras Saorála Faisnéise agus Cosanta Sonraí a bhainistiú agus a rianú.

# Sracfhéachaint ar Earnáil na Cumarsáide

Maidir leis an moilliú domhanda a tháinig ar an margadh cumarsáide, a raibh tionchar aige ar mhargadh cumarsáide na hÉireann idir na blianta 2001 agus 2002, tháinig laghdú áirithe air faoi dheireadh Mheitheamh 2004. I rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, tháinig tuilleadh fáis ar iomaíocht le roinnt oibreoirí nua ag teacht isteach sna rannáin mhargaidh tí agus gnó. Chabhraigh an méadú ar sholáthar leathanbhanda, breis eolais maidir le buntáistí leathanbhanda agus praghsanna níos ísle i rith na tréimhse seo an t-éileamh a mhéadú i rith na bliana.

Mhéadaigh fás i margadh na nguthán póca freisin, leis an ráta glactha ag sroicheadh 89%. D'éirigh go han-mhaith leis an bpróiseas iniomparthacht uimhreacha ar chaighdeán domhanda a thug ComReg isteach. Tá rogha níos leithne tugtha aige do thomhaltóirí trína chur ar a gcumas athrú idir oibreoirí gan a n-uimhir a athrú, ag costas an-íseal.

Measadh fáltais iomlán don mhargadh cumarsáide (margaí fosaithe, gutháin phóca agus craolacháin le chéile) ag €3.7 billiún idir mí Iúil 2003 agus mí an Mheithimh 2004, méadú de 5% thar an mbliain roimhe sin. B'ionann na fáltais seo agus tuairim is 3.3% de OTN na hÉireann.

### Líon na n-oibreoirí


Ar 25 Iúil, 2003, faoi chreat rialála nua an Aontas Eorpaigh is ea a cuireadh próiseas nua údaraithe i gcomharbacht an chórais cheadúnas a bhí ann roimhe. Ón dáta seo ní raibh gá a thuilleadh le ceadúnas teileachumarsáide. Ina áit sin, tá ceart ginearálta ag oibreoirí líonraí agus/nó seirbhísí leictreonacha a sholáthar chomh fada is go gcloíonn siad le coinníollacha caighdeánacha.

Is ceadmhach d'aon duine seirbhís agus/nó líonra cumarsáide leictreonaí a sholáthar, chomh fada is go bhfuil ComReg curtha ar an eolas roimhré acu. Tá oibreoirí saor chun oibriúcháin a chur ar bun chomh luath is a fhaightear foirm fógrúcháin comhlánaithe, ach bíonn oibriúcháin faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Údarú Ginearálta. Sa tréimhse atá i gceist, fuair ComReg 198 fógrúchán ó oibreoirí.

### Scair Oibreoirí Údaraithe Eile d'ioncam iomlán línte fosaitheacha

Mheas ComReg go raibh scair na n-iontrálaithe nua d'ioncaim iomlán línte fosaitheacha fanta socair taobh istigh de réimse idir 20% agus 21% i rith na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo.

Fás Sciar an Mhargaidh d'Iontrálaithe Nua C3 '02 – C2 '04




### Réamhroghnúchán Iompróra (CPS)

Baineann CPS le soláthar seirbhísí glaonna chuig custaiméir ó oibreoir a sholáthraíonn a seirbhís thar líonra oibreora eile. Éascaíonn sé seo iomaíocht idir oibreoirí, go háirithe i leith praghais. Ag deireadh Mheitheamh 2004 is ea a bhí tuairim is 276,000 líne CPS, gnó agus tí ann, méadú beagnach 60% ar mhí Mheitheamh 2003. B'ionann an figiúr seo agus tuairim is 17% de línte PSTN.


### Cainéil Chumarsáide

Bhí líon na línte PSTN gan athrú ag 1.6 milliún líne cé gur thit sciar PSTN de chainéil chumarsáide ó 31% go dtí 29% bliain ar bhliain, mar thoradh ar an bhfás leanúnach ar ghutháin phóca den chuid is mó. Bhí 423,000 cainéil rochtana ISDN ann, méadú 9% ar an mbliain roimhe. Ba chainéil rochtana ISDN iad beagnach 8% de na cainéil rochtana ar fad. Ba naisc shoghluaiste iad 63% de na conairí rochtana ar fad faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2004.

### Gutháin Phóca

Bhí líon na síntiúsóirí gutháin phóca ag deireadh mhí an Mheithimh 2004 ag timpeall 3.5 milliún, ar méadú é sin ón 3.17 milliún síntiúsóir a bhí ann i mí an Mheithimh 2003. Ba é an ráta glactha ná 89%, méadú 8% ar an mbliain roimhe sin. Leanadh na rátaí maithe fáis ar aghaidh a bhain le SMS nó teachtaireachtaí téacs a bhain leo sna blianta roimhe sin. Faoi dheireadh an dara ráithe de 2004, bhí 85 teachtaireacht SMS ar an meán á seoladh in aghaidh na míosa ag gach síntiúsóir gutháin phóca, agus bhí méadú 25% ar an líon iomlán teachtaireachtaí SMS a seoladh idir mí Iúil 2003 agus mí an Mheithimh 2004. B'ionann é seo agus 896 milliún teachtaireacht san iomlán do na trí mhí go dtí mí an Mheithimh 2004. Meastar go ndearna 142,000 síntiúsóir a n-uimhir a iompar chuig oibreoir gutháin phóca eile idir mí Iúil 2003 agus mí an Mheithimh 2004. D'fhan meán-ioncam in aghaidh an úsáideora(ARPU) d'oibreoirí na hÉireann ar an ioncam ab airde san Eoraip ag €47 in aghaidh na míosa.

Ráta Leata na nGuthán Póca in Éirinn: Q1 '00 - Q2 '04




## An tIdirlíon

Roimhe seo, rinne ComReg na leibhéil rochtana Idirlín in Éirinn a thomhas trí shuirbhé gach ráithe arna dhéanamh ag Amárach Consulting. Faoi Phlean Gníomhaíochta E-Europe 2005 an Choimisiúin Eorpaigh, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé bliantúil a dhéanann staidéar ar úsáid teaghlaigh agus úsáid aonair de ríomhairí agus Idirlín. Léiríonn an dara suirbhé dá cuid, a eisíodh i mí na Nollag 2004[1], go raibh rochtain Idirlín de chinéal éigin ag 38.2%* de gach líon tí in Éirinn i mí an Mheithimh 2004, méadú ó 33.5% i mí an Mheithimh 2003. Tar éis FRIACO nó rochtain idirlín ag bunráta a bheith tugtha isteach, ba é líon na síntiúsóirí don bhunráta rochtana Idirlín ná tuairim is 82,000 i mí an Mheithimh 2004, méadú ó 6,500 i mí an Mheithimh 2003.

*(Is é 38.2% an Rochtain Idirlín trí ríomhaire, agus is é 40% an rochtain idirlín trí aon ghaireas m.sh. guthán póca, ríomhaire agus teilifís srl.) Déanann an chairt thíos comparáid idir rátaí glactha idirlín i dtithe cónaithe ar ilghairis ar fud an Aontas Eorpaigh bunaithe ar shonraí arna gcur le chéile ag Eurostat.

**Glacadh Idirlín i dTithe Cónaithe san AE, 2003-2004**





## Leathanbhanda

Cé go raibh soláthar leathanbhanda ar phraghas iomaíoch in Éirinn deireanach de réir caighdeáin idirnáisiúnta, tháinig fás láidir ar éileamh i gcomhair seirbhísí leathanbhanda sa bhliain go dtí mí an Mheithimh 2004. Rinneadh tuairim is 55,000 líne DSL, méadú ó 7,350 i mí an Mheithimh 2003, agus 5,380 a shuiteáil faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2004. Bhí tuairim is 4,000 síntiúsóir rochtain raidió fhosaithigh gnó agus cónaithe ann freisin.


## Craolachán

Bhí tuairim is 526,000 síntiúsóir cábla bunúsach (.i. analóg) agus MMDS in Éirinn i mí an Mheithimh 2004 agus tuairim is 849,000 síntiúsóir teilifís íoca a raibh beagnach 450,000 acu mar shíntiúsóirí do sheirbhísí cábla digiteach. Lean custaiméirí ag bogadh ó sheirbhísí bunúsacha nó seirbhísí analógacha teilifíse chuig seirbhísí digiteacha agus faoi mhí an Mheithimh 2004 ba shíntiúsóirí digiteacha iad beagnach 33% de na líonta tí a raibh teilifís acu.

**Seasamh na hÉireann sna Ciseáin Éagsúla Soghluaiste i gcomparáid leis an AE15: Lúnasa '02 – Lúnasa '04**




**Seasamh na hÉireann sna Ciseáin Éagsúla PSTN i gcomparáid leis an AE15: Feabhra '01 – Lúnasa '04**




## Taraifí

D'fhan taraifí do línte fosaitheacha PSTN agus soghluaiste mar an gcéanna a bheag nó a mhór sa tréimhse sin i gcomparáid le táillí i dtíortha eile san AE. I rith na tréimhse seo d'fhan línte idirnáisiúnta ar léas mar na taraifí b'iomaíche san AE mar a ndearna an OECD tagarmharcáil orthu.

## Fostaithe

Ba é an líon iomlán fostaithe a bhí in earnáil na cumarsáide ag deireadh mhí an Mheithimh 2004 na tuairim is 14,440. Ba laghdú de 0.5% a bhí anseo ó 2003, athrú suntasach ón laghdú de 9% a bhí ann i 2002. 74%, 19% agus 7% faoi seach a bhain leis na hearnálacha fosaitheacha, soghluaiste agus craolacháin as an iomlán seo.

[1] CSO. Staitisticí Shochaí na Faisnéise 2004, mí na Nollag 2004.

# Iomaíocht

Tá cothú d'iomaíocht éifeachtach sna margaí cumarsáide leictreonaí ar cheann de phríomh-fhreagrachtaí ComReg. Tá iomaíocht ar an mbealach is fearr chun príomhchuspóirí eile ar nós chur chun cinn leasa na gcríochúsáideoirí a chinntiú. Áit a bhfuil comórtas éifeachtach, déanfaidh ComReg a laghad agus is féidir idirghabhála i ngníomhaíocht an mhargaidh. Áit nach bhfuil, is iad ár n-aidhmeanna ná iomaíocht a chur chun cinn agus tomhaltóirí a chosaint ó chleachtas chumhacht an mhargaidh.

In Éirinn, rinneadh an Chreat Rialála Cumarsáide nua a aistriú laistigh den tréimhse a bhí leagtha amach di agus chuaigh sé i bhfeidhm ar 25 Iúil 2003. De réir mar atá leagtha síos faoin gcreat nua, chuir ComReg tús le próiseas athbhreithnithe margaidh i margaí cumarsáide ag baint úsáid as prionsabail dlí iomaíochta chun a aithint má tá Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP) agus mura bhfuil iomaíocht éifeachtach ann go fóill. Áit nach bhfuil iomaíocht éifeachtach is féidir le ComReg céimeanna cuí a thógáil chun an margadh a chothú nó a bheochan chun iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn.

Mar a bhfuil uasteorainn praghsanna in áit ag an leibhéal miondíola chun a chinntiú go mbíonn cosaint ag tomhaltóirí ar phraghsanna arda i gcás na seirbhísí nach mbaineann an oiread sin iomaíochta leo, is minic go mbíonn obair ComReg dírithe ar an leibhéal mórdhíola. Tá iarracht déanta ag ComReg ag an leibhéal seo i go leor margaí cumarsáide ó liobrálú na margaí, a chinntiú go gcaitheann oibreoirí atá seilbh acu ar an margadh le hiontrálaithe nua go dtí an margadh ar bhonn cóir agus gan idirdhealú a dhéanamh. Tá iarracht déanta ag ComReg freisin rogha a mhéadú trí iomaíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí agus ardáin seachadta éagsúla. Mar shampla, i rith na tréimhse sin eisíodh 38 ceadúnas Limistéar Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh a cheadaíonn d'oibreoirí leathanbhanda agus seirbhísí eile a sholáthar ag úsáid teicneolaíocht raidió ar bhunús limistéar áitiúil.

Mar a bhí fíor sna blianta a chuaigh thart, bhí formhór d'iarrachtaí ComReg sa cheantar seo dírithe ar an earnáil teileachumarsáide fhosaitheach, áit a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i leith margaidh thraidisiúnta gutha, leathanbhanda agus seirbhísí pointe ar phointe. Le linn na tréimhse seo cuireadh tús le hanailís eacnamaíochta ComReg ar mhargaí soghluaiste áirithe a bhfuil cur síos níos doimhne orthu sa rannóg seo. Tá na bearta atá molta ag ComReg chun iomaíocht a spreagadh i margaí soghluaiste, dírithe ar leibhéal mórdhíola an mhargaidh shoghluaiste seachas ar an leibhéal miondíola.

## Seirbhísí agus Líonraí Fosaitheacha

### Guth

In Éirinn, mar aon le formhór margaí, tá go leor den iomaíocht i gcomhair seirbhísí gutha bunaithe ar Roghnúchán Iompróra (CS) agus Réamhroghnúchán Iompróra (CPS). Cuireann na seirbhísí mórdhíola seo, a bhfuil ar eircom a thairgiú ar bhunús neamh-idirdhealaitheach chuig oibreoirí ailtéarnacha, ar chumas oibreoir iomaíoch an limistéar a chlúdaíonn a líonra a leathnú go náisiúnta trí cheadú dó glaonna a thosú ar líonra eircom roimh ghlaonna a aistriú go dtí nó a chríochnú ar a líonra féin nó líonra tríú páirtí. Thóg ComReg roinnt céimeanna i rith na bliana chun tabhairt faoi dheacrachtaí éagsúla a bhí sa mhargadh agus chun bearta mórdhíola a chur i bhfeidhm chun a cheadú d'iontrálaithe seirbhís fheabhsaithe a sholáthar dá gcustaiméirí.



# Iomaíocht
## ar lean

I Meán Fómhair 2003, d'eisigh ComReg Treoir ag déileáil le nósanna gnóthachain chustaiméirí sa mhargadh miondíola. Bhí an Treoir seo mar thoradh go háirithe ar bhuairimh maidir leis an iomarca athraithe sa mhargadh CPS a d'fhág go raibh sé níos deacra d'oibreoirí trádáil bhrabúsach a dhéanamh. Is í an tréimhse "gan teagmháil" an tréimhse ama bhfuil bac ar oibreoir a bhfuil custaiméir caillte aige dul i dteagmháil leis an gcustaiméir sin. Rinneadh an tréimhse seo a leathnú ó mhí amháin go dtí trí mhí. Bhí comhairle sa Treoir freisin maidir le hábhar chur chun cinn agus ar chleachtais i gcoinne "Slamming". Is éard is "Slamming" ann ná aistriú custaiméara ó oibreoir amháin go ceann eile gan údarú. Tháinig fás maith ar CPS mar thoradh ar na bearta seo agus faoi mhí an Mheithimh 2004, bhí miondíol á dhéanamh ar 17% de línte chuig custaiméirí trí CPS. Bhí tuairim is 276,000 líne i gceist anseo.

Ag an leibhéal mórdhíola rinneadh go leor oibre le tionscal i leith fhorbairt an táirge Cíos Líne Mórdhíola (WLR). Cuireann an táirge seo ar chumas chustaiméirí mórdhíola eircom seirbhís gutha iomlán a sholáthar dá gcustaiméirí ar bhille amháin. Roimhe seo, fuair úsáideoirí a bhí ag baint úsáide as CPS dhá bhille, ceann amháin ó na hOibreoirí CPS i gcomhair na nglaonna agus ceann ó eircom i gcomhair chíos na líne.

### Billeáil Amháin do CPS

Bhí seoladh tráchtála Bhilleáil Amháin do CPS trí Chíos Líne Mórdhíola (SB-WLR) i mí an Mheithimh ar cheann de bhuaicphointí 2004. Cuireann Billeáil Amháin trí WLR ar chumas custaiméirí a rogha féin a dhéanamh sa mhargadh teileachumarsáide fosaitheach agus bille amháin a fháil ón soláthróir a roghnaíonn siad, in ionad bille amháin i gcomhair a gcuid glaonna agus bille eile ó eircom i gcomhair chíos na líne.

Tar éis an próiseas neamh-uathoibríoch do WLR a bheith seolta i mí an Mheithimh 2003, lean na CPSOanna a bhí páirteach ann ag tástáil an táirge mar chuid den Phróiseas Bunaithe Seirbhíse. I rith na tréimhse seo lean ComReg ag comhordú fhorbairt agus thástáil na creata oibriúcháin agus teicniúla casta nua seo chun Billeáil Amháin do CPS a éascú. Ba thasc an-chasta a bhí i bhforbairt próisis idiroibreoirí agus córais aistrithe faisnéise billí i gcomhair WLR mar nach mór dóibh freastal ar sholáthar gan briseadh de gach gné don chustaiméir tríd an CPSO mar shampla láimhseáil orduithe, córais fhaisnéise billeála agus soláthar, córais teagmhasacha agus stádas eolaire náisiúnta.

I mí an Mhárta 2004, d'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Treoir Beartais chuig ComReg ar réimse ábhar, a raibh tabhairt isteach táirge Chíos Líne Mórdhíola (WLR) faoin 31 Márta 2004 mar cheann acu. Cuireadh WLR ar fáil do Oibreoirí Údaraithe Eile (OAO) ar an lá céanna. Léirigh na seirbhísí miondíola a raibh an táirge seo clúdaithe iontu a sheol roinnt Oibreoirí Údaraithe Eile ina dhiaidh dea-thionchar tosaigh ar an margadh teileafónaíochta líne fosaitheach. I mí Aibreáin 2004 d'fhógair an chéad OAO a rún tosú ag glacadh orduithe WLR agus sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, ag deireadh mhí an Mheithimh 2004, bhí tuairim is 500 líne WLR ann.

Ó seoladh an táirge seo, tá ceithre OAO ag próiseáil orduithe WLR agus seacht soláthróir seirbhíse ag tairiscint táirge Bhilleáil Amháin sa mhargadh, leis ar a laghad cúig cinn eile chun seirbhís a thairiscint sna míonna amach romhainn. Is léir go bhfuil tóir ar Bhilleáil Amháin i measc na dtomhaltóirí. Tá ComReg ag leanacht ar aghaidh ag obair le tionscal ar fhorbairt agus feabhsú an táirge WLR.

Rinneadh athbhreithniú ar phraghsáil i gcomhair WLR i mí an Mhárta 2004. Méadaíodh an difreálach idir praghas an WLR agus praghas chíos líne miondíola ó 8.5% go dtí 10%. Laghdaíodh an praghas ar ordú a chur faoi bhráid eircom ó €24.61 ar an líne go dtí €9.05 ar an líne ar 1 Aibreán 2004. Tá an glacadh ar WLR go dtí seo dóchasach: faoi dheireadh mhí na Nollag 2004 bhí os cionn 74,000 úsáideoir tar éis buntáiste a bhaint as an tseirbhís.

Is cuid thábhachtach den chostas ar OAO i gcomhair seirbhís gutha a sholáthar ná na rátaí a bhaineann eircom amach ar ghlaonna a thosú nó a fhoirceannadh, ar a dtugtar rátaí tíolacais idirnasctha. Bhí athbhreithniú ar rátaí idirnasctha den bhliain go dtí Márta 2003 ar siúl i rith na bliana agus rinneadh é a chinntiú ar 23 Meán Fómhair 2004. Seoladh comhairliúchán ar shaincheisteanna costais áirithe i leith na rátaí idirnasctha ar 11 Meitheamh 2004. D'fhan rátaí tíolacais idirnasctha i measc na rátaí is ísle san AE i rith na tréimhse seo.

I rith na tréimhse seo chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le teorainn ar phraghas mórdhíola a chur ar rátaí tíolacais. Bhí freagraí ar an moladh seo dearfach den chuid is mó agus thóg ComReg tiomantas air féin athbhreithniú a dhéanamh ar an moladh seo mar chuid den phróiseas athbhreithnithe margaidh.

# Iomaíocht

ar lean

## Díchuachadh na Lúibe Logánta agus Leathanbhanda

### (i) Líne Síntiúsóra Dhigitigh (DSL)

Is teicneolaíocht leathanbhanda é DSL a cheadaíonn soláthar seirbhísí leathanbhanda thar línte teileafóin atá ann cheana féin. Is é an príomhbhealach, ach ní hé an t-aon bhealach, é lena soláthraítear seirbhísí leathanbhanda i go leor tíortha, Éire ina measc.

### (ii) Díchuachadh na Lúibe Logánta

Is é Díchuachadh na Lúibe Logánta (LLU) an mheicníocht trína bhfaigheann malairt oibreora an lúb logánta (an líne idir áitreabh an chustaiméara agus an malartán freastail áitiúil) ar cíos ó eircom agus a cheanglaíonn é lena líonra féin. Is féidir leis an oibreoir sin seirbhísí traidisiúnta gutha agus leathanbhanda nasctha nó seirbhís leathanbhanda leis féin a sholáthar thar an lúb, ag brath ar an gcineál díchuachta. Is é an príomh-bhuntáiste atá le LLU ná go dtugann sé leibhéal ard smachta don oibreoir ar na cineálacha agus caighdeán na seirbhísí a sholáthrófar don chríochúsáideoir. Tairgeann LLU an deis d'oibreoirí iomaíocha seirbhísí le luacháil níos airde a sholáthar seachas réimse táirgí an tsealbhóra a athdhíol. Creideann ComReg mar sin go bhfuil LLU lárnach chun ráta glactha leathanbhanda a bheochan.

D'eisigh ComReg Treoir chuig eircom i mBealtaine 2003 chun praghas de €14.67 sa mhí a chur i bhfeidhm i gcomhair lúibe atá díchuachta go hiomlán. Rinneadh agóid i gcoinne an chinnidh sin trí athbhreithniú breithiúnach. Socraíodh an cás i rith shamhradh na bliana 2003 agus cuireadh tús le próiseas nua chun a theacht ar phraghas. Mar chuid den phróiseas sin chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le modheolaíocht fheiliúnach chun an leibhéal costais oibriúcháin a bhainfeadh le líonra éifeachtach a thomhas agus freisin maidir le costas ghnéithe áirithe de líonra rochtana. Thug ComReg treoir ar deireadh praghas €14.65 a bheith mar ráta míosúil LLU le héifeacht ón 1 Nollaig, 2004.

### (iii) Giotánsruth

Is seirbhís leathanbhanda mórdhíola é giotánsruth a sholáthraíonn eircom ag úsáid teicneolaíocht Líne Síntiúsóra Dhigitigh (DSL) a cheadaíonn d'oibreoirí eile seirbhís leathanbhanda a sholáthar ag úsáid trealamh eircom. Sa tréimhse atá i gceist tharla forbairtí suntasacha le praghsanna ag titim agus ráta glactha leathanbhanda ag méadú. I rith na tréimhse rinne ComReg iarracht lena chinntiú go mbeadh laghdú dá réir i leibhéil phraghsanna mórdhíola le laghduithe i bpraghsanna miondíola ionas go mbeadh ar chumas oibreoirí ailtéarnacha dul in iomaíocht le eircom. Ag tús na tréimhse ba é an praghas leibhéal iontrála bhí ag eircom i gcomhair leathanbhanda ná €45 in aghaidh na míosa gan CBL san áireamh, le praghas mórdhíola de €27 ag dul leis. Faoi dheireadh na tréimhse ba é an praghas miondíola a bhí ag dul leis ná €33.05 agus costas mórdhíola de €20.10. Bhí an uimhir síntiúsóirí DSL sa tréimhse tar éis ardú ó timpeall 7,000 go 55,500, méadú de 750%.

### (iv) Ceadúnais Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA)

Sa dara leath de 2003 seoladh scéim ceadúnais limistéir áitiúil i gcomhair rochtain leathanbhanda raidió faoin gcóras cheadúnú Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA). Bhí an scéim seo dírithe ar athbheochan rannóg na rochtana leathanbhanda raidió ag cur iomaíochta ar fáil i limistéir thíreolaíochta ina raibh malairt ardán ar nós ADSL ar fáil cheana féin agus trí sholáthar rochtain ar leathanbhanda a éascú i gceantair nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu ag na hardáin atá ann faoi láthair (seachas rochtain saitilíte). Bunaithe ar an taithí le rochtain raidió fhosaitheach i ndeireadh na 1990í agus go luath i 2000, ghlac ComReg leis an gcur chuige limistéar áitiúil nua seo chun leathnú amach ar scála rochtain raidió fosaitheach agus tabhairt isteach imreoirí margaidh nua sa rannóg seo a éascú.

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh, bhí 38 ceadúnas limistéar áitiúil chun rochtain leathanbhanda raidió a sholáthar eisithe chuig seacht n-oibreoir éagsúla ag ComReg.

As an iomlán seo, eisíodh 37 ceadúnas sa bhanda 3.5GHz tar éis luacháil chomparáideach de os cionn 100 iarratas i rith Chéim 1 den chóras ceadúnúcháin. Tá an próiseas ceadúnúcháin seo ag leanacht ar aghaidh agus ceadúnais á n-eisiúint don méid agus is féidir de réir an t-ord ina dtagann na hiarratais isteach.

Eisíodh ceadúnas amháin faoin scéim limistéar áitiúil sa bhanda 10.5GHz. Táthar ag súil le tuilleadh fáis sa bhanda seo i gcomhair sholáthar seirbhíse fiontraíochta. Faoi mhí an Mheithimh 2004, bhí os cionn 2200 úsáideoir de leathanbhanda raidió ceadúnaithe ag íoc praghsanna a bhí cosúil le praghsanna DSL.

# Iomaíocht

ar lean

**(v) Seirbhísí Sonraí**

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá ann iomaíocht a fheabhsú sa mhargadh líne ar léas, d'eisigh ComReg Treoir le Ciorcad Páirtphríobháideach (PPC) a thabhairt isteach. Thug eircom Ciorcaid Pháirtphríobháideacha isteach i rith 2003 mar thoradh ar Threoir ComReg. Cuireann PPC ar chumas OAO línte léasaithe a thairiscint do chríochúsáideoirí trí chodanna de líonra eircom a chomhcheangal go héifeachtúil le codanna dá mbonneagar féin chun nasc iomlán ó dheireadh go deireadh a sholáthar. Roimh thabhairt isteach PPC, ní raibh de rogha ag OAO ach táirge líne léasaithe mórdhíola eircom a úsáid, atá tógtha go hiomlán ar líonra eircom nó an nasc iomlán a thógáil iad féin. Mar sin, fuair PPC réidh le bac suntasach ar iontráil sa mhargadh seirbhísí pointe ar phointe.

I mí Iúil agus Lúnasa 2003, d'fhoilsigh ComReg méid áirithe praghasanna ar eilimintí an seirbhís PPC. Deineadh athbhreithniú ar phraghasanna PPC agus tógadh praghasanna nua isteach ar 22 Eanáir, 2004. Tháinig laghdú mhór ar praghasanna chíos do Naisc Úsáideoir Deiridh de bharr na praghasanna nua seo.

## Gutháin Phóca

Faoi réir an chórais reachtaíochta nua sa rannóg cumarsáide leictreonaí, tá ComReg ag leanacht leis a anailís ar iomaíocht i margaí soghluaiste áirithe, an margadh tionscnamh glao soghluaiste mórdhíola agus foirceannadh glao gutha mórdhíola ar líonraí soghluaiste aonair.

### Rochtain shoghluaiste agus tionscnamh glao mórdhíola

Mar chuid dá sraith athbhreithnithe margaidh, rinne ComReg comhairliúchán a sheoladh ag lorg tuairimí ar a anailís den mhargadh tionscnamh glao soghluaiste mórdhíola.

Léirigh ComReg sa chomhairliúchán sin a bhuairt maidir leis an leibhéal iomaíochta sna margaí soghluaiste miondíola a scrúdaíodh agus an easpa comhaontuithe mórdhíola. Chun iomaíocht a fheabhsú mhol ComReg sruthaireacht náisiúnta a thabhairt isteach, ag láidriú tairiscintí iomaíocha oibreoirí líonraí soghluaiste eile, trína chur ar a gcumas clúdach gutháin níos fearr a thabhairt dá gcustaiméirí ar fud na tíre. Tá Treoir Beartais an Aire maidir le sruthaireacht náisiúnta á thógáil san áireamh ag ComReg agus leigheasanna feiliúnacha á moladh don mhargadh seo. Tá ComReg i gcomhairle freisin faoin ngá go mbeadh ar Vodafone agus $O_2$ rochtain a sholáthar do Sholáthróirí Seirbhíse, ar nós Oibreoirí Líonra Fíorúil Soghluaiste ("MVNOs"). D'fhéadfadh feabhas a theacht ar iomaíocht sa mhargadh soghluaiste freisin dá ligfí do chuideachtaí teileacumarsáide bunaithe ar sheirbhís dul san iomaíocht.

# Iomaíocht
## ar lean

**Foirceannadh Ghlao Gutha Soghluaiste Mórdhíola**

Foilsíodh freagra ComReg ar chomhairliúchán agus fógra ar an margadh d'fhoirceannadh glao gutha soghluaiste mórdhíola ar líonraí soghluaiste aonair faoi chreat rialála nua an AE freisin. Tar éis anailís margaidh a dhéanamh ar an margadh ábhartha sin, chinn ComReg nach raibh an margadh i gcomhair seirbhísí foirceannta glaonna gutha iomaíocha agus chinn go ndéanfaí gach Oibreoir Líonra Soghluaiste (MNO) in Éirinn, is iad sin Vodafone, $O_2$, Meteor agus '3' a ainmniú mar Chumhacht Shuntasach Mhargaidh (SMP) sa mhargadh ábhartha i gcomhair fhoirceannadh glaonna gutha ar a líonraí soghluaiste faoi seach in Éirinn.

Ní leor iad na fórsaí margaidh chun a chinntiú go bhfuil praghsáil seirbhísí foirceannta glao gutha soghluaiste socraithe ag leibhéal éifeachtach. Tar éis na hanailíse margaidh, chinn ComReg gur ghá rátaí foirceannta glaonna gutha soghluaiste a bheith dírithe ar chostas agus tá roinnt leigheasanna molta chun táillí foirceannta glaonna gutha a laghdú go dtí leibhéil éifeachtach oibritheora. Tá ComReg ag dul i gcomhairliúcháin níos doimhne ar chur i bhfeidhm mionsonraithe molta na leigheasanna seo.

Déanfaidh na hathruithe atá déanta ag Vodafone agus $O_2$ i rátaí foirceannta soghluaiste seasamh na hÉireann i dtéarmaí rátaí foirceannta soghluaiste a fheabhsú a thuilleadh. Feiceann ComReg go ndéanfadh na tiomantais a rinne Vodafone agus $O_2$ le déanaí rátaí foirceannta soghluaiste a laghdú – chomh fada is go dtugtar na laghduithe seo ar aghaidh go dtí tomhaltóirí línte fosaitheacha agus soghluaiste – a chinntiú go mbainfidh tomhaltóirí na hÉireann tairbhe as rátaí miondíola laghdaithe. Tá súil ag ComReg go bhfeidhmeoidh na táillí foirceannta glaonna gutha laghdaithe a thiocfaidh as seo mar uasmhéid ar tháillí foirceannta glaonna gurta na noibreoirí seo go dtí Meán Fómhair 2005.

**3G**

Is éabhlóid i dteicneolaíocht shoghluaiste í teileachumarsáid 3G a cheadaíonn aistriú tapa sonraí ag baint úsáid as gutháin phóca agus cártaí sonraí forlíontacha. Tá an t-idirlíon gan sreanga, fuaim ach í a éileamh, fís-chomhdháil agus faisnéis taistil ar chuid de na feidhmeanna a d'fhéadfaí a fháil le 3G.

Tugadh ceadúnas do thrí chuideachta i 2002 chun seirbhísí 3G a sholáthar in Éirinn, is iad sin Vodafone, $O_2$ agus Hutchison. Sheol Vodafone a sheirbhísí i mBealtaine 2003 agus lean Hutchison '3' agus $O_2$ iad i mí na Nollag. Tar éis na dtairiscintí toilteanacha a rinne na trí cheadúnaí 3G i rith an chomórtais, a cuireadh isteach ina gceadúnais mar thiomantais cheangailteacha, d'fhoilsigh ComReg na sceidil a leag amach na téarmaí dá gcearta úsáide i gcomhair gach ceann de na ceadúnaithe i mí Feabhra 2004. Tá cur ar fáil na seirbhísí seo ag leanacht ar aghaidh agus tá na trí oibreoir ag cloí le coinníollacha a gceadúnais.

# Nuálaíocht/Próiseas Athbhreithnithe Margaidh

## Athbhreithnithe Margaidh

Faoin gcreat nua ní mór do gach Údarás Rialála Náisiúnta (NRA) staid na hiomaíochta a mheas i 18 margadh sainithe, faoi réir nós imeachta athbhreithnithe margaidh a leagtar amach i gCreat-Treoir an AE. Tugann an Chreat-Treoir le chéile an choincheap a bhaineann le Cumhacht Shuntasach Mhargaidh (SMP) agus an choincheap a bhaineann lena ceannasaíocht faoi rialacha iomaíochta an AE.

Tá 18 margaidh iarrthóra sainithe ag Coimisiún an AE i gcomhair athbhreithnithe, is iad sin:

### Leibhéal Mórdhíola

- Tionscnamh glao ar an líonra teileafóin phoiblí in ionad fosaitheach.
- Foirceannadh glao ar an líonraí aonair teileafóin phoiblí in ionad fosaitheach.
- Seirbhísí idirthurais ar an líonra fosaitheach teileafóin phoiblí.
- Rochtain dhíchuachta mhórdhíola (lena n-áirítear comhrochtain) ar lúba agus ar fholúba miotail chun críche seirbhísí gutha agus leathanbhanda a chur ar fáil.
- Rochtain leathanbhanda mhórdhíola.
- Deighleáin fhoirceanta mhórdhíola ar línte léasaithe.
- Olldeighleáin mhórdhíola ar línte léasaithe.
- Rochtain agus tionscnamh glao ar líonraí poiblí gutháin phóca dá dtagraítear (ar leithligh) in Iarscríbhinn 1(2) den Chreat-treoir i leith Threoir 97/33/EC agus 98/10/EC.
- Foirceannadh glao ghutha ar líonraí aonair ghutháin phóca.
- An margadh náisiúnta mórdhíola do shruthaireacht idirnáisiúnta ar líonraí poiblí gutháin phóca.
- Seirbhísí tarchuir chraoltóireachta, chun inneachar craolta a sheachadadh ar chríochúsáideoirí.

### An Leibhéal Miondíola

- Rochtain ar an líonra teileafóin phoiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí cónaitheacha
- Rochtain ar an líonra teileafóin phoiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí neamhchónaitheacha.
- Seirbhísí teileafóin náisiúnta agus/nó seirbhísí áitiúla atá ar fáil go poiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí cónaitheacha.
- Seirbhísí teileafóin idirnáisiúnta atá ar fáil go poiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí cónaitheacha.
- Seirbhísí teileafóin náisiúnta agus/nó seirbhísí áitiúla atá ar fáil go poiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí neamhchónaitheacha.
- Seirbhísí teileafóin idirnáisiúnta atá ar fáil go poiblí in ionad fosaitheach do chustaiméirí neamhchónaitheacha.
- An t-íoslíon línte léasaithe (arb é atá ann ná cinéalacha sonraithe línte léasaithe suas le 2MB/soicind agus é sin san áireamh faoi mar a thagraítear dóibh in Alt 18 agus Iarscríbhinn VII den Treoir um Sheirbhís Uilíoch).

Faoin gcreat rialála nua, ní mór do ComReg athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na margaí a shainíonn sé i rannóg cumarsáide leictreonaí na hÉireann. Tugann ComReg an-aird ar an liosta margaí atá leagtha amach agus i bhformhór cásanna leanann sé go géar an sainmhíniú a thugann Coimisiún an AE.

Tá na hathbhreithnithe seo ag féachaint chun cinn agus dearcadh féidearthachtaí acu maidir leis an leibhéal iomaíochta sna margaí atá sainithe. Measann siad an bhfuil cumhacht margaidh ag oibreoir nó oibreoirí i margadh, agus dá bhrí sin, go haonarach nó le chéile go bhfuil Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP) acu sa mhargadh áirithe sin. Liostaíonn an chreat rialála nua roinnt oibleagáidí gur féidir le rialaitheoirí, má mheasann siad go bhfuil sé cuí agus cóir de réir an athbhreithnithe ar an margadh, a chur i bhfeidhm ar an oibreoir nó na hoibreoirí SMP.

Téann ComReg i gcomhairle go náisiúnta ar a thorthaí agus lorgaíonn sé tuairimí an Údaráis Iomaíochta roimh dó a thuairim deiridh a eisiúint maidir le SMP. Faoin gcreat nua cuireann ComReg na hathbhreithnithe margaidh SMP ar fáil do Choimisiún an AE agus do rialaitheoirí teileachumarsáide i gcomhair léirmheasa agus tá sé de chumhacht ag Coimisiún an AE tátail athbhreithnithe margaidh a dhiúltú.

I rith na bliana d'eisigh ComReg roinnt comhairliúcháin náisiúnta a raibh na margaí seo a leanas i gceist iontu:

- Tarchur Craoltóireachta Mórdhíola
- Rochtain Dhíchuachta Mhórdhíola
- Foirceannadh Glao Gutha Soghluaiste Mórdhíola ar líonraí aonair
- Rochtain leathanbhanda mhórdhíola.
- Rochtain shoghluaiste agus tionscnamh glao mórdhíola
- Margadh náisiúnta mórdhíola i gcomhair Sruthaireacht Idirnáisiúnta
- Deighleáin Fhoirceanta mórdhíola i gcomhair Línte Léasaithe.
- Olldeighleáin mhórdhíola i gcomhair línte léasaithe.
- Margadh miondíola i gcomhair thacar íosta de Línte léasaithe
- Margadh miondíola i gcomhair línte léasaithe os cionn 2mb
- Margadh Miondíola i gcomhair Línte Léasaithe Idirnáisiúnta

Chuir ComReg Coimisiún an AE agus Údaráis Rialála Náisiúnta eile ar an eolas faoi roinnt de na margaí seo. Níor léirigh Coimisiún an AE aon amhras maidir le tátail ComReg i leith aon cheann de na margaí ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas fúthu. Ba iad na margaí a cuireadh Coimisiún an AE ar an eolas maidir leo faoin gCreat Rialála nua ná:

| Margaí Sainithe: | Oibreoir SMP Ainmnithe |
|---|---|
| An margadh mórdhíola i gcomhair seirbhísí tarchuir chraoltóireachta raidió ar líonraí domhanda analóige náisiúnta | Líonraí RTÉ |
| An margadh Mórdhíola i gcomhair seirbhísí tarchuir chraoltóireachta teilifíse ar líonraí domhanda analóige náisiúnta | Líonraí RTÉ |
| Rochtain dhíchuachta mhórdhíola (lena n-áirítear comhrochtain) ar lúba agus ar fholúba miotail chun críche seirbhísí gutha agus leathanbhanda a chur ar fáil. | eircom |
| Foirceannadh glao ghutha Soghluaiste Mórdhíola ar líonraí aonair agus soghluaiste. | Vodafone, $O_2$, Meteor agus Hutchison '3' |

Tá ComReg ar cheann de na chéad rialaitheoirí san AE athbhreithnithe margaidh a fhógairt faoin gcreat rialála nua. Tá súil ag ComReg na hathbhreithnithe go léir a chríochnú seachas an margadh Náisiúnta Mórdhíola i gcomhair Sruthaireacht Idirnáisiúnta. Don athbhreithniú margaidh seo ní mór comhordú a dhéanamh le rialaitheoirí eile an AE agus táthar ag súil lena bheith críochnaithe i rith 2005.



# Tomhaltóirí

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, tá ról reachtúil ag ComReg maidir le cosaint a thabhairt do thomhaltóirí. Agus é ag feidhmiú na freagrachta sin, is mian le ComReg a chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí luach a gcuid airgid ó thaobh praghais, rogha agus caighdeáin de. Baineann ComReg na cuspóirí sin amach ar roinnt bealaí:

- Cuirimid faisnéis chuí ar fáil do thomhaltóirí lena chinntiú go mbaineann siad an leas is mó is féidir leo as an margadh agus é i mbéal forbartha;
- Monatóireacht chun a chinntiú go bhfuil eircom ag cloí lena oibleagáid seirbhíse uilíche;
- Cuirimid teorainn maidir le praghas miondíola i bhfeidhm ar eircom os rud é gurb é an t-oibritheoir ag a bhfuil Cumhacht Shuntasach Margaidh é;
- Pléimid le gearáin ón bpobal nuair a theipeann ar an gcód cleachtais i gcomhair láimhseáil gearáin a fheidhmíonn soláthróirí seirbhísí an gearán a láimhseáil go cuí;
- Déanaimíd monatóireacht ar úsáideoirí an speictrim mhinicíochta raidió chun a chinntiú go gcoinnítear astuithe radaíochta neamh-ianúcháin laistigh de leibhéil sábháilteachta a nglactar leo go hidirnáisiúnta;
- Tugaimid ceadúnais do chríochúsáideoirí go díreach chun gairis raidió a úsáid: áirítear orthu sin gnónna cosúil le cuideachtaí tacsaí, longa agus aerárthaí, agus daoine aonair. Tá os cionn 8,000 ceadúnas den chinéal sin ann agus is gné thábhachtach den ról atá againn a bheith ag déileáil lenár gcustaiméirí díreacha.

## Faisnéis an Mhargaidh

Is é aidhm ComReg lucht leasa a chur ar an eolas faoi fhorbairt na hiomaíochta i margadh cumarsáide na hÉireann trí thaighde gach ráithe a dhéantar i bhfoirm Tráchtaireacht Ráithiúil Mhargaidh agus tuairiscí Sonraí Tábhachtacha. Tá na tuairiscí sin bunaithe ar cheistiúcháin a líonann oibritheoirí ceadúnaithe nó údaraithe isteach, le tacaíocht ó shuirbhéanna faoi rochtain agus úsáid an Idirlín agus tuairiscí tánaisteacha taighde.

### Suirbhé teileachumarsáide ar thomhaltóirí/cónaitheoirí

Bhí an suirbhé sin bunaithe ar agallaimh a rinneadh le 516 tomhaltóir idir 29 Eanáir agus 5 Feabhra 2004. Ba é an príomhthoradh a bhí ar an suirbhé a rinneadh ar thomhaltóirí ná go raibh 61% de thomhaltóirí - méadú 13% ar shuirbhé na bliana 2002 - ar an eolas faoi roghanna a bhí ar fáil dóibh de bharr iomaíochta in earnáil na línte fosaitheacha. Chuaigh soláthróirí seachas eircom i dteagmháil le go leor acu chun seirbhísí a thairiscint dóibh. Bhain formhór na dtomhaltóirí úsáid as eircom chun glaonna ar línte fosaitheacha a dhéanamh ach bhí 18% tar éis aistriú chuig soláthróirí eile, méadú de 60% ó 12 mí roimhe sin; an phríomhchúis a bhí daoine ag aistriú ná costas.

Bhí méadú ar an eolas a bhí ag tomhaltóirí faoi Réamhroghnúchán Iompróra (CPS) agus léirigh 40% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu go raibh eolas acu ar an tseirbhís. Léirigh 42% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu nach raibh eolas acu faoin gcostas a bhain le glao a chur ar chustaiméir gutháin phóca ar líonra difriúil i gcomparáid le glao a chur ar chustaiméir ar líonra a sholáthróra féin. Léirigh an suirbhé, cé go raibh a fhios ag 61% d'úsáideoirí ghutháin phóca a bhain úsáid as na gutháin thar lear gur bhraith costais ar an líonra a roghnaíodh, nár roghnaigh 68% d'úsáideoirí an líonra sruthaireachta.

### Suirbhé Rochtain Idirlín

Cuireadh 1,105 tomhaltóir idir 15 bliana d'aois agus 74 bliana d'aois faoi agallamh don suirbhé seo a rinneadh idir an 21 Iúil agus an 29 Lúnasa, 2003. Léirigh an suirbhé seo gur bhain 50% de dhaoine fásta Éireannacha úsáid as ríomhaire pearsanta leis an sciar is mó den úsáid sa bhaile (36%).

Tá rochtain idirlín sa bhaile ag tuairim is 32% de dhaoine fásta Éireannacha. Fuarthas amach gurb é an modh is coitianta chun dul ar líne sa bhaile ná trí úsáid a bhaint as líne fhosaitheach chun ceangal leis an idirlíon. Ar an meán, mheas siad sin a bhí ag baint úsáid as an idirlíon sa bhaile go gcaitheann siad 4 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine ar líne. Den chuid is mó, baineann siad siúd is lú a chaitheann am ar líne leis an aois-chatagóir 50-74 bliana d'aois.

Ó thaobh na ríomh-thráchtála de, fuair an suirbhé amach go raibh 40% d'úsáideoirí idirlín tar éis rud a cheannach ar an idirlín le déanaí. Ba iad ticéid aerlíne ba mhó a bhí ceannach orthu ar an idirlíon, le 66% dóibh siúd a ndearnadh suirbhé orthu ag léiriú gur cheannaigh siad ticéad aerlíne ar an idirlíon sna trí mhí roimhe sin. Ó thaobh na tráchtáil soghluaiste de, dúirt 5% d'úinéirí gutháin phóca gur cheannaigh siad táirge nó seirbhís ag baint úsáide as an bhfeidhm idirlín nó as an bhfeidhm téacs ar a nguthán póca, mar ar cuireadh an costas ar bhille an ghutháin; fuarthas amach go raibh sé seo níos coitianta i measc daoine idir 15-24 bliana d'aois.



# Tomhaltóirí
ar lean

## Gníomhaíochtaí Cosanta Tomhaltóirí

D'eisigh ComReg treoirlínte ar 22 Deireadh Fómhair, 2003 maidir leis an tacar íosta riachtanas a gcaithfidh soláthróirí seirbhísí leictreonaí a chur san áireamh i gconarthaí le críochúsáideoirí. Faoi chreat cumarsáide leictreonaí nua an AE, ní mór do sholáthróirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí tacar íosta téarmaí agus coinníollacha a chur san áireamh ina gcuid conarthaí do shíntiúsóirí. Cinntíonn na rialacháin go bhfuil íosleibhéal de chinnteacht dhlíthiúil ag tomhaltóirí i leith a gconarthaí le soláthróirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ba chóir go mbeadh téarmaí conartha, coinníollacha caighdeán seirbhíse, coinníoll foirceanta conartha agus an tseirbhís, bearta cúitimh agus réiteach díospóide san áireamh ansin.

### Cur i Láthair um Tharaifí

Chuaigh ComReg i gcomhairle ar dhréacht-Chód i dtosach i mí Eanáir 2004. Tar éis na gcomhairliúchán seo rinne ComReg athscagadh ar an gCód agus rinneadh trí phrionsabal ghonta de, a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar eolas taraifí cruinn agus cuimsitheach agus iad ag baint úsáide as seirbhísí cumarsáide. Eisíodh comhairliúchán eile i mí an Mheithimh 2004.Tá na trí phrionsabal atá leagtha síos i Nóta Cinnidh D11/04 ComReg a foilsíodh ar 12 Lúnasa, 2004 mar seo a leanas:

Agus faisnéis taraifí á cur i láthair aige, cinnteoidh an soláthróir seirbhísí go bhfuil

- An fhaisnéis taraifí cruinn
- An fhaisnéis taraifí cuimsitheach
- An fhaisnéis taraifí inrochtana

Tá na prionsabail go mbeidh taraifí cruinn, cuimsitheach agus inrochtana deartha chun a chinntiú go dtugann soláthróirí seirbhíse faisnéis thrédhearcach agus suas chun dáta ar tharaifí caighdeánacha ag clúdú rochtana, gach cineál taraif úsáide, taraifí cothabhála agus go mbeidh sonraí maidir le lascainí caighdeánacha a chuirtear i bhfeidhm agus scéimeanna taraifí spriocaimsithe agus speisialta san áireamh ann freisin.

### Seirbhísí Fiosraithe Eolaire

I mí an Mheithimh 2004 mhol ComReg bearta chun a chinntiú go bhfuil dóthain rochtana ag tomhaltóirí i leith seirbhísí fiosraithe eolaire. Bhí taighde mhargaidh ann a léirigh aineolas i measc tomhaltóirí ar an gcostas a bhain le húsáid seirbhísí fiosraithe eolaire á thógáil san áireamh ag ComReg agus é ag dul i gcomhairle ar an ábhar seo. I Nóta Cinnidh D12/04 ComReg, a foilsíodh ar 12 Lúnasa, 2004, d'eisigh ComReg treoracha a dúirt:

1) Léireoidh soláthróir seirbhíse Fiosraithe Eolaire na muirir infheidhmithe nó an áit ina bhfaightear an t-eolas seo nuair a bheidh a sheirbhís á chur chun cinn nó á fhógairt aige.
2) Cuirfidh an soláthróir seirbhíse Fiosraithe Eolaire faisnéis taraife priontáilte ar fáil mar fhreagairt ar iarratais ó thomhaltóirí.
3) Soláthróidh soláthróir seirbhíse Fiosraithe Eolaire faisnéis taraife nuair a thairgeann sé seirbhísí foirceannta glao.

### Treoracha do Thomhaltóirí

Mar chuid dá ról feasachta tomhaltóirí, táirgíonn ComReg treoracha feasachta do thomhaltóirí chun a chinntiú go gcoinnítear tomhaltóirí ar an eolas ar ábhair spéise sainithe. Aithníonn ComReg go bhfuil tomhaltóirí atá ar an eolas ar cheann de na príomh-thiomántáin iomaíochta sa mhargadh. Is féidir le tomhaltóir atá ar an eolas réimse tomhaltóirí a mheas agus ceann a roghnú a fheileann dá riachtanais chumarsáide bunaithe ar riachtanas praghas/caighdeán. Spreagann an cumas malartaithe seo oibreoirí dul in iomaíocht i gcomhair gnó agus a gcaighdeán cáilíochta a ardú. I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, eisíodh sé cinn de threoirlínte ag clúdach ábhair lena n-áirítear seirbhísí teileafónaíochta fosaitheacha, seirbhísí fiosraithe eolaire, gearán a dhéanamh, cártaí teileafóin, forfhuadach módaim agus glaonna margaíochta gan iarraidh.



### Oibleagáidí Sonracha den tSeirbhís Uilíoch (USO)

I mí Iúil 2003, le tabhairt isteach na creata rialála nua agus ag leanacht as próiseas comhairliúcháin a cuireadh tús leis i mí na Nollag 2002, sainíodh eircom mar an Soláthróir Seirbhíse Uilíoch (USP) ar feadh thréimhse thrí bliana le héifeacht ón 25 Iúil, 2003. Tá oibleagáidí USO ann chun a chinntiú gur féidir le gach críochúsáideoir tacar íosta seirbhísí sainithe a fháil, ar phraghas réasúnta, gan baint le suíomh. Is iad na hoibleagáidí a bhfuil ar eircom a chomhlíonadh ná:

- Soláthar Líne Teileafón ag suíomh fosaitheach mar fhreagairt ar "iarratas réasúnta"
- Soláthar Seirbhísí Eolaire
- Soláthar Íoc-ghutháin Phoiblí
- Soláthar Seirbhísí d'Úsáideoirí faoi Mhíchumas
- Taraifí réasúnta

# Tomhaltóirí
ar lean

### Láimhseáil Gearáin Tomhaltóra

Ní mór do gach oibreoir Cód Cleachtais a bheith aige. Ní mór do na Cóid seo íoschaighdéain atá leagtha síos ag ComReg a bhaint amach agus treoirlínte praiticiúla a sholáthar do thomhaltóirí agus iad ag plé le hoibreoirí. Áit go bhfuil tomhaltóir tar éis teacht chun deiridh próisis láimhseáil gearáin oibreora is féidir leo dul i dteagmháil le ComReg. Ag brath ar an ábhar, pléann ComReg an cheist go díreach leis an oibreoir. Déanann ComReg iarracht freagairt shásúil a fháil don tomhaltóir trína iarraidh ar an oibreoir athscrúdú a dhéanamh ar ghearán an tomhaltóra faoi réir aon oibleagáidí rialála. Déanann ComReg monatóireacht ar an dul chun cinn laistigh den phróiseas seo, agus chomh luath is a fhógraíonn an t-oibreoir go bhfuil an cheist réitithe, rachaidh ComReg i dteagmháil leis an gcustaiméir.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú fuair ComReg 1,622 gearán ó thomhaltóirí, custaiméirí cónaitheacha don chuid is mó, maidir leis na leibhéil seirbhíse a bhí a soláthar ag a soláthróir seirbhíse. Ba iad na príomhchúiseanna gearáin ná billeáil, leibhéal íseal cúraim do chustaiméirí nó caighdeán seirbhíse, agus moill a bheith ann maidir le soláthar seirbhísí nua. Sa chás gur aithin ComReg saincheisteanna córasacha trí na gearáin a fuair sé, rinneadh iad sin a phlé go díreach leis na hoibreoirí a bhí i gceist d'fhonn go bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ag leibhéal creata.

Pléadh le 5,859 fiosrú i rith na bliana freisin. Bhain fiosruithe faoi Línte Fosaitheacha le:

- Luas an Idirlín
- Forfhuadach Módaim
- Seirbhís Uilíoch (USO)
- Feidhmiú DSL
- Billeáil aonair
- Iarratais ar fhaisnéis faoi sholáthróirí seirbhísí
- Muirir a bhaineann le glao Fiosraithe Eolaire a fhoirceannadh
- Iniomparthacht uimhreacha
- Líomhaintí faoi fhógraíocht mhíthreorach
- Daoine a bheith trína chéile maidir leis an bpróiseas síntiúsóireachta Réamhroghnúchán Iompróra (Fíorú Thríú Páirtí)

Bhain fiosruithe faoi Líonra Soghluaiste le:

- Praghsáil
- Ceisteanna conartha
- Árachas ar threalamh
- Iniomparthacht uimhreacha
- Ilghnéitheach*

* Rinneadh aon fhiosruithe a bhí taobh amuigh de dhualgas oibre ComReg a chur ar aghaidh chuig an Údarás Rialála nó comhlacht cuí.

### Monatóireacht ar Radaíocht Neamh-Ianúcháin

Is é ComReg an t-údarás ceadúnúcháin do speictream minicíochta raidió in Éirinn. Tá sé mar choinníoll de cheadúnais oibreoirí raidió go gcloíonn siad le treoirlínte idirnáisiúnta i gcomhair aimliú ginearálta do raon leictrea-mhaighnéadach. I ngach bliain de na trí bliana seo caite tá tuarascáil iniúchadh cuimsitheach foilsithe ag ComReg ar chomhlíonadh suíomh tarchuir raidió de na teorainneacha astuithe radaíochta neamh-ianúcháin.

Tá gach iniúchadh tar éis díriú isteach ar chomhlíonadh na dteorainneacha aimlithe ginearálta atá sainithe sna treoirlínte a d'fhoilsigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint i gcoinne Radaíocht Neamh-Ianúcháin (ICNIRP). Ar bhunús na hoibre atá déanta i ngach ceann de na hiniúchtaí sin is féidir a dhearbhú go bhfuil nósanna imeachta agus próisis in áit ag gach ceann de na cuideachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu chun a chinntiú go gcloítear leis na teorainneacha sin. I 2003 leagadh síos clár fairsing chun leibhéil radaíochta neamh-ianúcháin a thomhas ag suas le 400 láithreán aeróige ar fud na tíre. Chun an clár seo a chur i gcrích bhí gá an leibhéal astuithe is airde a bhain le gach láithreán a thomhas. I gcomhair gach láithreán, leag ComReg síos nach bhféadfadh na leibhéil astuithe radaíochta neamh-ianúcháin dul thar na teorainneacha ICNIRP in aon chuid den láithreán nó den cheantar máguaird a bhfuil rochtain ag an bpobal ginearálta air. Soláthraíonn láithreán gréasáin ComReg sonraí de gach tuairisc láithreáin agus de na ceithre thuarascáil shealadacha a bhain leis na tomhais sin.

Tá briseadh síos sonraithe de na láithreáin a ndearnadh a thomhas tugtha sa tábla thíos:

| | |
|---|---|
| Uimhir Iomlán Láithreáin a ndearnadh a Thomhas | 401 |
| Uimhir iomlán láithreáin a d'ainmnigh baill den phobal | 51 |
| Uimhir Iomlán Láithreáin a d'ainmnigh an Roinn Cumarsáide | 32 |
| Uimhir Iomlán Láithreáin Measctha[1] | 41 |

As an 401 tomhas láithreán a cuireadh i gcrích, ní raibh aon chás ina raibh tomhais láithreán ag dul os cionn an leibhéal ICNIRP cuí don mhinicíocht sin.

### Áis Siteviewer

Bunaithe ar eolas a chuir na cuideachtaí gutháin phóca ar fáil, soláthraíonn ComReg bunachar sonraí idirghníomhach ar líne de láithreáin crainn/aeróga gutháin phóca ag www.siteviewer.ie

Cuireann an láithreán gréasáin seo ar chumas daoine ionad crann i gceantar ar leith a lorg ag úsáid ainm an tsuímh ar nós ainm sráide nó ainm an bhaile fhearainn. Tá eolas le fáil ar an láithreán faoi nithe ar nós na hoibreoirí atá lonnaithe ar an láithreán, na bandaí minicíochta a úsáidtear ag an láthair agus an leibhéal uasta cumhachta ón aeróg.

[1] Is éard is láithreán measctha ann ná láithreán a bhfuil níos mó ná seirbhís raidió amháin ar an láthair m.sh. GSM agus Craoltóireacht

# Ceadúnais Raidió

Tá speictream minicíochta raidió ar fáil le húsáid chun roinnt seirbhísí agus líonraí cumarsáide a sholáthar. Áirítear leo sin líonraí raidió, faoi mar a leagtar amach níos luaithe sa tuarascáil seo, ach áirítear leo freisin córais loingseoireachta raidió, raidió gnó, craoltóireacht, raidió loinge agus trealamh a úsáidtear chun críche tionscail, leighis agus tráchtála.

Ní mór an úsáid a bhaintear as trealamh raidió in Éirinn a bheith údaraithe ag ComReg. Is féidir an t-údarú sin a bheith trí cheadúnas, faoin Acht Teileagrafaíochta 1926, nó faoin Acht um Údarás Craolacháin 1960, mar atá leasaithe (i gcás an Údarás RTÉ), nó faoin Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 (i gcás Choimisiúin Craolacháin na hÉireann) nó trí dhíolúine ceadúnais.

Déanann an rannóg Ceadúnais taobh istigh den Chreat Margaidh próiseáil ar gach iarratas údarú den chinéal seo agus cinntíonn sé go gcothaítear ceadúnais ar shlí a chinntíonn an uaséifeacht úsáide den speictream atá ar fáil agus a chinntíonn go bhfuil seirbhís ar chaighdeán maith ar fáil do gach ceadúnaí.

Ar 30 Meitheamh,2003, ba é an t-iomlán ceadúnais raidió a bhí ar ár mbunachar sonraí ná 14,446. Astu seo, tá 13,772 le hathnuachan go bliantúil. Faightear agus déantar próiseáil ar 4,000 iarratas ar a mheán gach bliain, i gcomhair ceadúnais nua nó i gcomhair athruithe ar chórais atá ann cheana féin.

Forbairt shuntasach i rith na bliana atá faoi athbhreithniú ab ea tabhairt isteach chreat rialála nua. Tá córas ceadúnais ComReg faoi reachtaíocht náisiúnta faoi réir anois ag Creat Rialála um Chumarsáid Leictreonach an AE, le héifeacht ón 25 Iúil, 2003. Tá na coinníollacha agus oibleagáidí gur féidir a bheith mar chuid de cheadúnas leagtha síos i bPáirt B den Schedule to the European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Authorisation) Regulations, 2003.

Foilsíodh Nóta Eolais[1] i mí Iúil 2003 ag sonrú na gcoinníollacha de cheadúnais atá ann faoi láthair nach bhfuil i bhfeidhm níos mó mar thoradh ar an gcreat nua. Déanann an Ceadúnas nua na hathruithe atá leagtha síos sa cháipéis sin a comhshnaidhmeadh go foirmiúil.

Tá tosaíocht ag soláthar seirbhíse do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán do ComReg. I rith na tréimhse sin, lean ComReg ag obair ar a thionscadal ríomh-cheadúnais a seoladh i 2004. Le tabhairt isteach ríomh-cheadúnais, is féidir le ceadúnaithe sonraisc a fheiceáil agus a íoc ar líne. Spreagaimíd iarrthóirí a gcuid riachtanas a phlé linn roimh dóibh iarratas a sheoladh isteach, chun moill phróiséala nach bhfuil gá leis a sheachaint.

Mar a léirítear thuas, níl an riachtanas um speictream teoranta do sholáthar líonra. Leagtar amach thíos na seirbhísí a dtugann ComReg ceadúnas dóibh i gcomhair úsáid phríobháideach nó úsáid corporáide príobháidí.

### Raidió Gnó

Eisítear ceadúnais ghnó do chuideachtaí a mbíonn córas cumarsáide príobháideach soghluaiste ag teastáil uathu, m.sh. nuair a theastaíonn raidió do chumarsáid dhíreach dhá bhealach idir bunáit agus pearsanra a bhíonn ag gluaiseacht. De ghnáth bheadh córais den chinéal sin á n-úsáid ag cuideachtaí tacsaí agus cuideachtaí iompair mar aon le seirbhísí éigeandála agus eagraíochtaí rialtais agus stáit. Eisíodh 504 ceadúnas i rith na bliana i gcomparáid le 297 i 2002-2003, arbh ionann sin agus méadú de 70%. Léiríonn an méadú sin, in éineacht le méadú na bliana seo caite de 72% go bhfuil athbheochan ar éileamh i gcomhair raidió gnó. D'fhéadfadh áfach, go raibh tionchar freisin ag na beartais bhreise a rinne ComReg sa 24 mí seo caite lena chinntiú go mbeadh gach córas raidió ag feidhmiú ar fud na tíre ceadúnaithe mar is cuí faoin Acht Raidió-Teileagrafaíochta ar an méadú seo.

[1] Cáipéis ComReg 03/84: Ceadúnais Raidió-Teileagrafaíochta – An Todhchaí Infheidhmíocht Coinníollacha Ceadúnais

### Athsheoltóir Pobail

Is éard a bhíonn i gceist le seirbhísí Athsheoltóra Pobail ná stáisiún athsheoltóra ar láithreán ard a bheith á roinnt ag roinnt úsáideoirí. Déanann ceadúnaí an stáisiún athsheoltóra a sholáthar, a shuiteáil agus a chothabháil agus tugann an té sin cead an stáisiún athsheoltóra a úsáid ar bhonn tráchtála ansin. Eisíodh sé cinn de cheadúnais nua i mbliana, i gcomparáid le ceadúnas nua amháin i 2002-2003.

### Raidió Aerárthaí

Clúdaíonn na ceadúnais seo an úsáid a bhaintear as trealamh trasghlacadóra raidió a bhíonn suite ar bord aerárthaí agus a bhíonn ag feidhmiú taobh istigh de bhanda minicíochta aerloingseoireachta do thúir rialaithe aerfoirt (bíodh an t-aerárthach san aer nó ar an talamh). I rith na bliana eisíodh 157 ceadúnas nua i gcomparáid le 90 i 2002-2003.

### Raidió Loinge

Údaraíonn na ceadúnais seo cumarsáid débhealaigh a úsáid le hárthaí eile agus le Stáisiún Raidió Chósta. Ceadaíonn Staisiún Raidió Chósta d'oibreoirí raidió nascadh leis an ngnáthlíonra teileafóin. Ní mór do gach long thrádála, gach árthach paisinéirí farraige agus



# Ceadúnais Raidió

ar lean

formhór na n-árthaí iascaireachta raidiónna a bheith iontu agus ní mór ceadúnas raidió a bheith acu. Níl aon dualgas ar fhormhór na n-árthaí pléisiúir raidió a bheith acu ach tá líon níos mó á dhéanamh sin - sna cásanna sin ní mór ceadúnais a fháil. Ní féidir ceadúnas raidió loinge a eisiúint ach in imthosca ina bhfuil Teastas Inniúlachta cuí ag oibreoir an trealaimh raidió. I mbliana eisíodh 865 teastas den chinéal sin agus eisíodh 661 ceadúnas nua raidió loinge.

### Córais Raidió Soghluaiste

Tugadh reachtaíocht isteach i mí Lúnasa 2002 (I.R. Uimh 435 de 2202), a d'éascaigh tabhairt isteach chóras ceadúnas nua i gcomhair córais raidió soghluaiste ar láithreán nó i gceantar logánta nach raibh clúdaithe faoin reachtaíocht roimhe sin. Clúdaíonn an córas nua córais cosúil le truncraidió (córas raidió a oibríonn trí chainéil mhinicíochta raidió a shannadh go dinimiciúil as grúpa cainéal sannta). Eisíodh dhá cheadúnas nua raidió soghluaiste sa tréimhse sin.

### Turgnamhaithe Raidió

Eisítear ceadúnais do Thurgnamhaithe Raidió do dhaoine a bhfuil an-spéis acu i gcúrsaí raidió ar bhonn amaitéarach agus ar mian leo raidió a úsáid chun staidéar pléisiúir a dhéanamh ar éifeachtaí forleathantas raidió. Eisíodh 35 ceadúnas nua le 12 mí anuas.

### Naisc Raidió

Sa chás go n-éilítear conair shonrach tharchur raidió idir ionaid fhosaitheacha, éilítear ceadúnas naisc raidió. Baineann go leor oibreoirí teileachumarsáide úsáid as raidió chun a gcuid láithreán tarchuir a nascadh le chéile. Baineann oibreoirí gutháin phóca, go háirithe, úsáid as naisc raidió chun a líonra tarchuir a sholáthar. I rith thréimhse na tuarascála, eisíodh 972 ceadúnas nua naisc raidió i gcomparáid le 607 sa tréimhse roimhe sin. Is éard is cúis leis an méadú seo ná an forleathnú líonraí atá ar bun ag oibreoirí 2G atá ann cheana féin agus réiteach i gcomhair fheidhmiú seirbhísí na n-oibreoirí 3G.

### Rochtain Raidió Fosaitheach

I rith na bliana, sheol ComReg scéim ceadúnais limistéir áitiúil i gcomhair rochtain leathanbhanda gan sreanga faoin gcóras ceadúnais Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh. Faoi mhí an Mheithimh 2004, eisíodh 38 ceadúnas limistéir áitiúil. As an iomlán seo eisíodh 37 ceadúnas sa bhanda 3.5GHz agus eisíodh ceadúnas amháin sa bhanda 10.5GHz.

### Satailít

Baintear úsáid as satailítí chun críoch éagsúla, lena n-áirítear craoladh teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáid. Cuireann líonraí satailítí roghanna solúbtha ailtéarnacha ar fáil do líne fhosaitheach thalamhbhunaithe agus do líonraí fosaitheacha naisc raidió. Is féidir trí chatagóir stáisiún talún a cheadúnú; Stáisiúin Mhóra Talún (LES), Stáisiúin Iniompartha Talún (TES) agus Teirminéil Mhionchró (VSAT). Eisíodh 135 ceadúnas nua sa bhliain atá faoi athbhreithniú.

### Craoltóireacht

Measann ComReg go raibh 526,000 síntiúsóir cábla agus MMDS in Éirinn ag deireadh mhí an Mheithimh 2004. Bhí 24% de shintiúsóirí cábla agus MMDS bunúsach tar éis uasghrádú go seirbhísí digiteacha.

Roimh thabhairt isteach Chreat Rialála nua an AE fuair oibreoirí ceadúnú faoin Acht Raidió-Teileagrafaíochta, 1926. Ón am ar tugadh isteach an chreat nua níl ceadúnas ag teastáil níos mó ó oibreoirí cábla ach tá siad fós faoi rialú Údarú Ginearálta. I rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, eisíodh Rialacháin nua i gcomhair oibreoirí MMDS[1] agus oibreoirí Sraonta[2] chun a bheith laistigh den chreat nua.

**Achoimre ar Cheadúnais eisithe**

| Cineál Ceadúnais | Líon na gCeadúnas a Eisíodh 30/6/03 -30/6/04 | Líon na gCeadúnas a Eisíodh 30/6/02 - 30/6/03 |
|---|---|---|
| FWA | 38 | - |
| Naisc Raidió | 972 | 607 |
| Raidió Gnó | 504 | 297 |
| Athsheoltóirí Pobail | 6 | 1 |
| Tástáil | 4 | 4 |
| Córais Raidió Soghluaiste | 2 | - |
| Raidió Satailíte | 135 | 17 |
| Raidió Loinge | 661 | 651 |
| Teastas Inniúlachta (Longa) | 865 | 1200 |
| Raidió Aerárthaí | 157 | 90 |
| Turgnamhaithe | 35 | 37 |

Tá mionshonraí na gcineálacha ceadúnais thuas mar aon le foirmeacha iarratais le fáil ó láithreán gréasáin ComReg ag www.comreg.ie

# Ceadúnais Raidió

## ar lean

### Díolúine Ceadúnais

Tá líon mór córas raidió díolmhaithe ó cheadúnú in Éirinn. Eisítear díolúintí ó cheadúnú de ghnáth nuair nach ann do riachtanas an speictream a bhainistiú cosúil le bandaí ISM agus sa chás gur fíorbheag an riosca a bhainfeadh le trasnaíocht dhochrach. Ní mór ceadúnas a bheith ag gabháil le gach trealamh raidió nach bhfuil díolmhaithe ó cheadúnas. Tá cuntas achomhair ar na gairis raidió atá díolmhaithe ar cheadúnas leagtha amach sa tábla thíos.

Achoimre ar Ghairis Raidió díolmhaithe ó Cheadúnú

| Cineál Raidió | Tuairisc | Ordú Díolúine | Fáisnéis bhreise |
|---|---|---|---|
| **Gairis Ghearr-Raoin (SRD)** | Gairis éagsúla ar chumhacht íseal cosúil le gairis ionduchtúcháin, aláraim, rialú mionsamhlacha, siúlscéalaithe, micreafóin agus córais fhuaime gan sreanga, raidió LANS, Teileamaitic tráchta agus Iompair ar Bhóithre (RTTT), Córais Aitheanta a Úsáideann Minicíochtaí.(RFID). | I.R. 405 de 2002 | Cáipéisí ERC/REC/70-03: 02/71 |
| **Banda Saoránach** | Banda Saoránach (CB) agus trealamh raidió PR 27 | I.R. 436 de 1998 | Caighdeáin: Cáipéisí ETS 300 433, ETS 300 135: 00/62R |
| **Satailít** | Stáisiúin áirithe Soghluaiste Talún lena n-áirítear Stáisiún Inmarsat, Eutelsat, Italsat, Arcanet agus Thuraya. | I.R. 398 de 2001 | Caighdeáin: TBR 026, TBR 044, TBR 027, EN 301 681 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin áirithe Fhosaitheacha Talún Glacadóireachta Satailíte lena n-áirítear glacadóirí VSAT agus SNG. | I.R. 273 de 2000 | Caighdeáin: TBR 28, TBR 30, TBR 43 – Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Soghluaiste Talún do Chóras Cumarsáide Pearsanta Satailíte <1GHz (S-PCS<1GHz) | I.R. 273 de 2000 | Caighdeáin: TBR 28, TBR 30, TBR 43 – Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Talún Satailíte do Chórais Chumarsáide Pearsanta Satailíte <1GHz (Seirbhís Cumarsáide Pearsanta Soghluaiste Domhanda, GMPCS) | I.R. 214 de 1998 | ERC/DEC/(97)03 Cáipéisí: 00/68, 00/62R |
| | Díolúine de Stáisiúin Aerárthaí Íseal-Chumhachta | I.R. 214 de 1998 | |
| **PMR 446** | Raidiónna gearr-raoin gnó a fheidhmíonn sa bhanda 446MHz | I.R. 93 de 1998 | Cáipéisí: 00/62R |
| **GSM** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 900 MHz | I.R. 409 de 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| **DCS 1800** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 1800MHz | I.R. 107 de 1999 | Caighdeáin: TBR 31, TBR 32, Cáipéisí: 00/62R |
| **Teileafóin gan sreanga** | Teileafóin analógacha gan sreanga a fheidhmíonn ag 31.025 - 31.325MHZ (cuid fhosaitheach) agus 31.925 - 40.225MHz (Cuid iniompartha)<br><br>Teileafóin DECT gan sreanga a fheidhmíonn idir 1800 - 1810MHz<br><br>Córais chumarsáide digití gan sreanga CT2-CAI a fheidhmíonn sa bhanda 864.1 - 868.1Mhz agus a chloíonn le ETS 300 131 | I.R. 107 de 1999 | Cáipéisí: 00/62R |
| **Craoltóireacht** | Stáisiúin leaschraolta craoltóireachta sreanga áirithe | I.R. 200 de 1976 | Cáipéisí: 00/62R |
| | Glacadóirí le haghaidh craoladh fuaime | I.R. 211 de 1972 | |

[1] Na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (Multipoint Microwave Distribution System) I.R. Uimh 529 de 2003

[2] Na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (UHF Television Programme Retransmission) 2003 IR Uimh 675 de 2003

# Bainistíocht Speictrim

Faoi Alt 10 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 tá ComReg freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an Speictream Minicíochta Raidió agus is é ceann de na cuspóirí faoi Alt 12 ná bainistíocht agus úsáid éifeachtach den speictream minicíochta raidió a chinntiú. Ina theannta sin, faoi Alt 35, tá sainchúram ar ComReg an Plean Minicíochta Raidió, tacar táblaí a léiríonn dáileadh minicíochtaí sa speictream raidió ag dáta foilsithe an phlean, a fhoilsiú.

Úsáidtear an speictream minicíochta raidió chun tacaíocht a sholáthar do lear mór seirbhísí agus feidhmchlár cumarsáide leictreonaí. Tá rochtain ar mhinicíochtaí raidió mar bhun-riachtanas i gcomhair cumarsáide, go háirithe i gcomhair eitleoireachta, loingeas, seirbhísí cosanta, slándáil phoiblí, craoltóireacht agus i gcomhair aon ghnó príobháideach a bhraitheann ar raidió soghluaiste. Tá bainistíocht agus úsáid éifeachtach an speictrim raidió mar chuid lárnach de bhonneagar shochaí riachtanach i gcomhair geilleagar nua-aimseartha.

### An Chomhdháil Dhomhanda Raidióchumarsáide

Déanann an Chomhdháil Dhomhanda Raidióchumarsáide athbhreithniú ar na Rialacháin um Raidió, an conradh idirnáisiúnta a rialaíonn úsáid an speictrim mhinicíochta raidió. Is í an Chomhdháil freisin a éascaíonn an próiseas idirnáisiúnta chun aontú ar an úsáid a bhaineann náisiúin an domhain as an speictream minicíochta raidió. Mheall Comhdháil na bliana 2003, a cuireadh i gcrích i dtréimhse na tuarascála seo, 2278 rannpháirtí a bhuail le chéile 962 uair chun 1329 cáipéis a bhí ag plé le 51 ábhar a bhí ar an gclár oibre. I measc na n-ábhar seo bhí cumarsáid shoghluaiste agus gan sreanga, craoltóireacht satailíte, taighde eolaíochta, cumarsáid aerárthaí, cumarsáid mara agus seirbhísí raidió-shuíomhaimsiú. Ag déanamh ionadaíochta thar cheann na hÉireann bhí foireann bheag a bhí faoi stiúir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus ina raibh roinnt d'fhoireann ComReg.

Ar chuid de phríomhthorthaí WRC 2003 bhí:

- Leathnú na rogha atá ar fáil do thomhaltóirí. Rinne an WRC dáileadh speictrim agus rinne sé cinntí maidir le seirbhísí raidió domhanda agus satailíte nua éagsúla, lena n-áirítear RLAN, a cheadaíonn cumarsáid raidió laistigh de raon gairid, agus leathanbhanda le linn eitiltí, a sholáthraíonn rochtain Idirlín ar luas ard do phaisinéirí aerlínte.

  Tháinig an Comhdháil ar réiteach maidir le dáileadh domhanda minicíochta i gcomhair córais Líonraí Limistéir Áitiúil Raidió i mbandaí minicíochtaí timpeall 5 GHz atá ag éirí coitianta san Eoraip agus atá á n-úsáid cheana féin chun rochtain leathanbhanda a sholáthar in Éirinn. Éiríonn leis an réiteach cóimheá a dhéanamh ar leasanna tomhaltóra, tráchtála agus rialtais.

- Fuair cur i gcrích an WRC-03 réidh leis na héiginnteachaí maidir le dáileadh speictrim i gcomhair Galileo, an córas GPS Eorpach, agus leag sé síos an chreat rialála chun ceadú do chórais loingseoireachta satailíte nua na bandaí minicíochta a roinnt le córais Glonass agus GPS atá ann cheana féin. Cabhróidh an cinneadh seo leis an ngluaiseacht i dtreo chóras satailíte loingseoireachta Eorpach a sholáthraíonn acmhainní loingseoireachta agus acmhainní córas suite feabhsaithe;

- Cinnteacht maidir le breis forbartha ar IMT-2000, an córas cumarsáide soghluaiste tríú glúin (3G), lena n-áirítear cosaint líonraí IMT-2000 ó thrasnaíocht ó chórais eile agus nósanna imeachta rialála chun úsáid stáisiúin árdáin airde móire (HAPS) ar nós stáisiúin bhunáite IMT-2000 a éascú;

- Réiteach roinnt ábhar a bhaineann le rialú ábhair shlándála agus guaise mara, atá tábhachtach do thionscail iascaireachta agus loinge na hÉireann;

- Réiteach roinnt ábhair rialála líonraí satailíte a cheadóidh tuilleadh roinnt idir seirbhísí satailíte agus seirbhísí domhanda (m.sh. naisc fosaitheacha) a roinneann bandaí. Áirítear anseo ábhair gan réiteach a bhaineann le hoibríochtaí VSAT, ceann de na príomh-fheidhmchláir líonra satailíte a úsáidtear in Éirinn.

### Rochtain leathanbhanda laistigh de speictream GSM ceadúnaithe

Ag teacht le cuspóirí an Rialtais infhaighteacht fhorleathan seirbhísí agus bonneagar leathanbhanda a bhaint amach ar fud na hÉireann, chuir ComReg comhairliúchán i gcrích i mí Lúnasa 2003 (ComReg 03/104) maidir le leathnú rochtain leathanbhanda laistigh de speictream ceadúnaithe GSM.

I bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas, go háirithe i leith neamh-inmharthanacht seirbhísí raidió leathanbhanda a sheachadadh gan an cumas athrú idir glaonna, tá imní ar ComReg nach mbeadh seirbhísí den chinéal sin sách éagsúil ó na seirbhísí soghluaiste poiblí atá ceadúnaithe cheana féin agus a bhfuil socruithe ceadúnais ar leith ag baint leo. Mar sin féin, is mian le ComReg beartais bhreise i gcomhair soláthar rochtain leathanbhanda fosaitheach a éascódh soláthar taobh amuigh de na ceantair atá clúdaithe ag teicneolaíochtaí atá ann cheana féin a scrúdú, agus mar sin tá cinneadh déanta aige an fhéidearthacht seirbhís FWA a sholáthar ag úsáid speictream GSM 1800 MHz breise mar a bhí leagtha amach i gcáipéis comhairliúcháin ComReg.

### Leathanbhanda gan Sreanga sa bhanda 3.5 GHz

Agus an cinneadh déanta an banda 3.5 GHz a oscailt i gcomhair Leathanbhanda gan Sreanga mar thacaíocht do chinneadh an Rialtais rochtain leathanbhanda a bhrú chun cinn, thug ComReg isteach tionscnamh nua atá dírithe ar scéim ceadúnú Rochtain Raidió Fosaitheach Leathanbhanda limistéir áitiúil a thabhairt isteach sa bhanda minicíochta 3.5 GHz (ComReg 03/97). Sa chéad chéim ceadúnaithe a chríochnaigh i Márta 2004, eisíodh 37 ceadúnas. Leanadh air seo le tairisicintí de 42 ceadúnas ar bhunús tosaíochta de réir an t-ord ina bhfuarthas na hiarratais faoi dheireadh thréimhse na tuarascála seo. Eisíodh na ceadúnais seo i gcomhair córais Rochtain Raidió Fosaitheach chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar i gceantar seirbhíse tíreolaíochta atá sainithe. Ní bheidh tionchar na seirbhísí seo le feiceáil go dtí tréimhse an chéad tuarascáil eile.

### Straitéis don todhchaí d'úsáid an bhanda mhinicíochta 2500-2690 MHz.

Sa tréimhse don tuarascáil roimhe seo, d'fhoilsigh ComReg cáipéis comhairliúcháin ag lorg tuairimí maidir le moltaí i gcomhair straitéis fhadthréimhseach d'úsáid an bhanda mhinicíochta 2500-2690 MHz. Tá Éire ar cheann de líon beag tíortha san Eoraip a bhaineann úsáid as seirbhísí MMDS (Seirbhísí Dáilte Ilphointe Micreathonnach) sa bhanda seo atá leagtha síos go hidirnáisiúnta mar bhanda leathnúcháin i gcomhair seirbhísí 3G. Tá cinntí le déanamh ar na mion-socruithe minicíochta i gcomhair UMTS/IMT-2000 sa bhanda 2500 – 2690 MHz ag leibhéal na hEorpa roimh dheireadh 2004. Faoin am sin ba cheart go mbeadh tuilleadh eolais le fáil faoi chinéal, méid agus am-áireamh riachtanais 3G sa bhanda leathnúcháin 2.5 Ghz. Mar sin, don am i láthair, agus ag cuimhneamh ar an ngá atá le cur chuige solúbtha i leith speictream leathnúcháin 3G, glacadh le cinneadh an cosc atá ann faoi láthair ar sholáthar seirbhísí MMDS sna príomh-limistéir uirbeacha a chothú. Nuair a beidh cinneadh an CEPT ar na mion-socruithe minicíochta i gcomhair an banda 2500-2690 MHz ar fáil faoi dheireadh 2004, tá sé i gceist tabhairt faoi athbhreithniú den bhanda 2.5 GHz i 2005 (ComReg 03/105).

## Trasnaíocht ar raidióchumarsáid agus craoltóireacht neamhúdaraithe

Tháinig laghdú i rith na bliana ar chraoltóireacht neamhúdaraithe mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saindírithe a bhí ar bun i rith na bliana seo caite ach lean na gearáin faoin ngníomhaíocht seo ar aghaidh. Bhí feabhas suntasach le feiceáil i gcásanna trasnaíochta ar Raidió Gnó, ach bhí méaduithe le feiceáil ar fhadhbanna a bhaineann le Treoracha EMC agus R&TTE mar thoradh ar níos mó trealamh leictreonach tomhaltóra a bheith in úsáid. Bhí méadú freisin ar an líon cásanna trasnaíochta ar sheirbhísí gutháin phóca. Mar a tharlaíonn i gcónaí, bhí tosaíocht ag fiosruithe maidir le trasnaíocht ar na Seirbhísí Éigeandála le 14 cás taifeadta ina raibh trasnaíocht ar sheirbhísí Eitleoireachta, Gardaí, Othairchairr agus Garda Cósta.

Sa tréimhse sin fuarthas ciontú coiriúil i gcoinne deichniúr i gcomhair coireanna a bhain le craoltóireacht neamhcheadúnaithe agus ciontaíodh duine amháin as coir Raidió Gnó. I rith na tréimhse céanna bunaíodh fóram i gcomhair soláthróirí agus insealbhóirí Raidió Gnó sa phróiseas ceadúnú raidió. Buaileann an Fóram Raidió Gnó le chéile go rialta anois.

Sa tréimhse sin, fuair an tAonad um Chomhlíonadh Speictrim na gearáin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Craoladh neamhcheadúnaithe - | 53 |
| • Gearáin maidir le raidió gnó - | 22 |
| • Trasnaíocht ar ghlacadh tí (Teilifís agus raidió) - | 8 |
| • Gearáin a bhain le trasnaíocht ar sheirbhísí Slándáil Saoil - | 14 |
| • Gearáin maidir le trasnaíocht ar línte teileafóin fosaitheach - | 6 |
| • Gearáin a bhain le GSM - | 4 |
| • Gearáin a bhain le R&TTE - | 9 |
| • Gearán a bhain le Comhoiriúnacht Leictrea-Mhaighnéadach - | 1 |
| • Tárlúint a bhain le córas fosaitheach gan sreanga - | 1 |

# Uimhriúchán

Tá ComReg freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an scéim náisiúnta uimhriúcháin. Ní mór do ComReg a chinntiú gur féidir uimhreacha nua a chur ar fáil go tapa ionas gur féidir le hoibreoirí seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí.

### Seirbhísí Ghuth thar Phrótacal Idirlín (VoIP)

Ar 17 Meitheamh, d'fhoilsigh ComReg cáipéis comhairliúcháin ComReg 04/72 "Uimhriúchán i gcomhair seirbhísí VoIP", sa phróiseas de bheith ar cheann de na chéad rialaitheoirí san Eoraip a thug faoi shaincheisteanna VoIP go díreach. Mar is léir ón teideal, is é an príomhfhócas a bhí ag an gcáipéis ná saincheisteanna uimhriúcháin, a léirigh foinsí tionscail a bhí ar an ábhar is mó a chruthaigh deacrachtaí in oscailt seirbhísí VoIP. Tacaíonn uimhriúchán feiliúnach le hidirfheidhmiú éifeachtach VoIP leis na seirbhísí PSTN atá ann cheana féin. Mar sin, mhol ComReg 04/72 tionscnaimh uimhriúcháin tábhachtacha a d'fhéadfadh uimhreacha tíreolaíochta agus neamh-thíreolaíochta a oscailt suas do sheirbhísí VoIP, agus ag an am céanna réimse iomlán nua a thabhairt isteach atá níos feiliúnaí i gcomhair seirbhísí de chinéal fánaíochta[1]. Mar sin féin, bhí scóp na cáipéise i bhfad níos leithne ná uimhriúchán agus osclaíodh roinnt ceisteanna conspóideacha maidir le seirbhísí VoIP i gcomhair plé náisiúnta. San áireamh orthu sin bhí freagairt glaonna éigeandála 999/112, iomláine líonra VoIP, caighdeán seirbhíse, tacaíocht i gcomhair aithint láthair an té a ghlaoigh, ENUM srl. Fuarthas freagrachtaí ar an gcomhairliúchán faoi dheireadh mhí Iúil agus bhí leibhéal suntasach spéise ann, in Éirinn agus thar lear. Tá an leibhéal spéise seo spreagúil, agus cumas fadtéarmach VoIP iomaíocht a spreagadh go dearfach trí rogha níos fearr agus praghsanna níos ísle a sholáthar don tomhaltóir á thógáil san áireamh.

Chomh maith leis a chomhairliúchán féin a chur i gcrích, bhí ComReg páirteach i dtionscnaimh luatha an Choimisiúin Eorpaigh agus an IRG chun treorú a chur ar fáil i leith VoIP a chabhródh le cur chuige na náisiún éagsúil trasna an Chomhphobail a thabhairt le chéile.

### Iniomparthacht Uimhreachta Gutháin Phóca (MNP)

Sheol na trí líonra soghluaiste Iniomparthacht Uimhreachta Gutháin Phóca i margadh na hÉireann ar 25 Iúil 2003. Sna 12 mí tar éis an seoladh rinneadh os cionn 142,000 uimhir guthán póca a aistriú idir na hoibreoirí soghluaiste.

Tá an réiteach MNP d'Éirinn bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Tá sé deartha chun a chinntiú go mbeadh aistriú go líonra nua furasta agus tapa, ag cur ar chumas custaiméirí a n-uimhreacha a aistriú taobh istigh de dhá uair an chloig. Éascaíonn sé rogha tomhaltóra níos fearr in oibreoirí soghluaiste trína cheadú do shíntiúsóirí gluaiseacht idir líonraí gan a n-uimhir a athrú.

### Seirbhísí Préimhráta

Cheadaigh tabhairt isteach chreat Seirbhísí Préimhráta a dhéantar cur síos air i ComReg 03/54R níos mó solúbthachta i struchtúir phraghsanna agus níos mó trédhearcachta don tomhaltóir. Tairgeann an scéim nua réimse nua uimhreacha chun freastal ar tháirgí íoc ar an nglao agus bandaí praghsanna nua, áit a bhfuil uasteorainn praghas i gcomhair gach cód rochtana, agus gur féidir praghsanna a leagan síos i gcomhair seirbhísí ar leith ar uimhir ar leith taobh istigh de sin. Lean le forbairt na creata nua i rith thréimhse na tuarascála seo, le réiteach saincheisteanna a bhaineann le socraíochtaí idir-oibreoirí. Seoladh an chreat i mí Bealtaine 2004.

### Athruithe ar Uimhreacha

Rinneadh an chéim deiridh de na hathruithe uimhreacha náisiúnta, (d'Iarthuaisceart na hÉireann den chuid is mó), a cuireadh tús leis i Lúnasa 2002, a thabhairt chun críche i mí na Samhna 2003. Cé go bhfuil monatóireacht leanúnach le déanamh ar limistéir náisiúnta eile, níor aithníodh aon riachtanais athruithe uimhreacha le linn thréimhse na tuarascála.

### Athbhreithniú ar Choinbhinsiúin Uimhriúcháin agus nósanna imeachta nua iarratais

Tá na Coinbhinsiúin Uimhriúcháin Náisiúnta mar leabhar rialacha treoracha a dhéanann cur síos ar an tslí a bhainistíonn ComReg an acmhainn uimhriúcháin náisiúnta go héifeachtach agus go héifeachtúil, mar atá leagtha síos sa reachtaíocht. Leagann sé síos go soiléir na cearta agus oibleagáidí atá ag sealbhóirí uimhreacha vis-à-vis dáileadh a dhéantar orthu.

Rinneadh an chéad leagan de Choinbhinsiúin Uimhriúcháin Náisiúnta a fhoilsiú i mí Feabhra 2000 agus rinneadh tuairisc chun dáta a fhoilsiú gach bliain ó shin, le gach ceann acu seo ag leathnú na réimsí ar a dtuairiscíonn sé. Chun leanacht leis na feabhsúcháin seo, foilsíodh dréacht nua ar 3 Nollaig 2003 i gcomhair comhairliúcháin phoiblí agus lean foilsiú Leagan 4 mar ComReg 04/35 ar 31 Márta 2004 as seo. Ba é seo an chéad leagan a foilsíodh ónar cuireadh an chreat nua rialála (NRF) i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin bhí gá le go leor athruithe chun ailíniú a dhéanamh le riachtanais an NRF. Ina theannta sin, éilíonn an NRF níos mó trédhearcachta i bpróisis agus doiciméadú dáilte uimhreacha, agus mar sin forbraíodh agus foilsíodh cáipéis nua Iarratais ar Uimhriúchán ComReg 04/36 chun na riachtanais seo a shásamh.


[1] Is éard na seirbhísí fánaíochta ann ná seirbhísí líne fosaitheach a cheadaíonn d'úsáideoirí taisteal le teirminéil agus plugáil agus seinn gan deacracht ina láithreáin sealadacha nua. Is iondúil go mbíonn soghluaiseacht i bhfad níos teoranta ná le córais fhíor-shoghluaiste.

### Uimhriúchán Leictreonach ENUM

Is éard is ENUM ann, ná prótacal teileachumarsáide, le tacaíocht ó bhonneagar Ainm Fearannais a thugann deis raon meicníochtaí cumarsáide a úsáid chun dul i dteagmháil le síntiúsóir ag úsáid aon mheicníocht cumarsáide (m.sh. ríomhphost, facs nó VoIP) chomh fada is go bhfuil uimhir teileafóin an duine sin ar eolas. Is dócha gurb é an Guth thar Idirlíon Phrótacal a bheidh mar 'mharfóir-fheidhmchlár' mar go bhfuil an fhéidearthacht ann go gcuirfeadh sé ar chumas scairteoir ceangal bunaithe ar an Idirlíon a dhéanamh leis an té ar a nglaonn (.i. seachas ceangal níos costaisí PSTN/ Soghluaiste), aon uair atá an té sin ar líne. Tá sineirgíocht mar sin idir VoIP agus ENUM.

I mí Lúnasa 2003 d'eisigh ComReg freagra ar chomhairliúchán an phobail ar Chéadchéimeanna Eile na hÉireann i gcomhair ENUM, i ComReg 03/96, a raibh sé mar thátal aige go raibh fíorshuim i gcur le chéile triail náisiúnta ENUM chomh maith le fóram náisiún ta chun comhairle a thabhairt agus cabhrú chun an triail a bhainistiú. Bunaíodh an triail ENUM chun bonneagar feidhmiúcháin ENUM a bhunú, ina mbeadh nósanna imeachta trialacha agus socruithe dearbhúcháin chun tacú le cumarsáid ENUM idir na hinstitiúidí acadaimh agus tionsclaíoch rannpháirteacha san áireamh. Bheadh gach rannpháirtí sa triail á mhaoiniú féin, ag léiriú a bhfíorshuim tráchtála a bheith páirteach. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den triail innealtóireachta i mí Iúil 2004.

I mí Dheireadh Fómhair 2004 d'fhoilsigh ComReg tuarascáil ó fhóram ENUM, ComReg 04/105a. Ceaptar go dtiocfaidh an triail chun críche i 2005. Tá plé ar fhorbairtí ENUM sa todhchaí ag leanacht ar aghaidh leis na páirtithe cuí.



# Rialáil Poist

## Creat Rialaitheach


Is é ComReg Údarás Rialála Náisiúnta i gcomhair rannóg Poist na hÉireann. Is é ceann de na príomhrólanna atá ag ComReg ina leith seo ná forbairt earnáil an phoist agus go háirithe infhaighteacht sheirbhís poist uilíoch taobh istigh de, chuig agus ón Stáit ag praghas réasúnta chun sochair gach úsáideoir.

Agus a chuspóirí á gcur i gcrích aige, díríonn ComReg isteach ar sholáthar seirbhísí poist láraithe ar ardchaighdeán do chustaiméirí, ag rathú bailiúcháin agus seachadadh laethúla, nach lú ná cúig lá in aghaidh na seachtaine, do gach seoladh sa tír, agus ag an am céanna saoirse a chinntiú i gcomhair soláthar seirbhísí iomaíocha trí liobrálú de réir a chéile ar mhargadh an phoist.

I measc na bhfeidhmeanna sainiúla atá leagan síos caighdeáin i gcomhair cáilíochta seirbhísí do An Post, monatóireacht ar fheidhmiú i gcoinne na gcaighdeán seo, ag eisiúint treoracha do An Post maidir le nósanna imeachta cuntasaíochta a ghlacadh, monatóireacht ar chomhlíonadh prionsabail taraifí agus sainiú gnéithe den tseirbhís uilíoch atá oibleagáid ar An Post a sholáthar. Faoi chumhachtaí eile, ní féidir leis An Post praghsanna i gcomhair seirbhísí a ardú gan comhaontú ComReg.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú rinneadh an margadh i gcomhair post trasteorann ag dul amach a oscailt go hiomlán d'iomaíocht. Mar thoradh air sin, le héifeacht ón 1 Eanáir 2004, rinneadh na seirbhísí a bhí "in áirithe" do An Post mar an Soláthróir Seirbhíse Uilíche a laghdú go dtí míreanna comhfhreagrais tís agus comhfhreagras trasteorann ag teacht isteach de mheáchan níos lú ná 100g, chomh fada is go raibh an praghas níos lú ná trí huaire an taraif phoiblí tís i gcomhair mír comhfhreagrais sa chéad chéim meáchain den chatagóir chaighdeánach is tapúla .i. €1.44.

Ó Eanáir 2006 laghdófar an teorainn seo do dtí 50g le hoscailt iomlán an mhargaidh beartaithe i gcomhair Eanáir 2009:




Figiúr 1 Idirghaolmhaireacht idir Seirbhísí Poist Uilíocha, In Áirithe agus Neamhrialaithe bunaithe ar phraghas intíre 2003 48c.

Ní hionann le roinnt tíortha eile inar gá ceadúnas a fháil chun seirbhísí a sholáthar in iomaíocht díreach leis an soláthróir seirbhíse uilíche, is féidir seirbhís iomaíoch a bhunú in Éirinn (taobh amuigh den limistéar atá in áirithe). Le héifeacht ón 1 Eanáir 2004, ní mór do sholáthróirí seirbhísí poist taobh amuigh de An Post le láimhdeachas bliantúil de os cionn €500,000, gan CBL san áireamh, iarratas a dhéanamh ar "údarú seirbhíse poist" agus nósanna imeachta simplí gearáin agus cúiteamh atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint a chur in áit.

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2004 bhí Údaruithe Seirbhíse Poist eisithe chuig 15 soláthróir seirbhíse poist.

Mar fhreagairt ar chomhairliúchán poiblí ar shaincheist Rochtain chuig líonra An Post i rith na bliana seo caite, chinn ComReg gan idirghabháil a dhéanamh ach amháin sa chás go dteipfeadh ar An Post agus na custaiméirí Bulc-Phoist atá i gceist, a theacht ar chomhréiteach síochánta

I rith na bliana rinneadh ceisteanna eile a chur faoi bhráid ComReg maidir le cumas An Post freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais an Tionscail Bhulc-Phoist.

Tharla idirghabháil eile mar thoradh air seo ionas go mbeadh ceart rochtana ag Custaiméirí Bulc-Phoist chuig ceithre ionad dáileacháin An Post. D'fhéadfaí postas a ionduchtú ag ceann de fiche láithreán ina nglacann An Post bulc-phostáil de phostas méadraithe/frainceáilte. Moladh rochtain ag leibhéal Oifig Seachadadh freisin do phostas a cháilíonn i gcomhair seirbhísí réamhshórtálta, Postaim nó aon seirbhísí lascaine eile atá ar fáil anois nó sa todhchaí.

Feiceann ComReg na moltaí seo mar fhorbairt ar mhargadh an phoist i gcomhair úsáideoirí Bulc-Phoist agus creideann sé go mbeadh buntáistí ag teacht as do ghnáth-thomhaltóirí de réir mar a bhíonn úsáid níos fearr á baint as acmhainn. Níl cinneadh deiridh déanta ar an ábhar seo fós.



# Rialáil Poist

## ar lean

### Caighdeán Seirbhíse An Post

Tá infhaighteacht seirbhíse poist éifeachtach ar ardchaighdeán atá ar chomhchéim leis an gceann is fearr san Eoraip mar phríomhchuspóir i gcomhair geilleagar iomaíoch nua-aimseartha cosúil le hÉirinn agus óna thaobh seo de tá spéis ar leith ag ComReg sa chaighdeán i ndáil le píosa amháin tosaíochta. Is é ceann de na bunchuspóirí atá ag Treoracha Poist na hEorpa na feabhsúcháin a bhaint amach i gCaighdeán Seirbhíse agus tá oibleagáid ar ComReg faoin dlí sprioc Caighdeán Seirbhísí a leagan síos do An Post.

Tá TNS mrbi ainmnithe ag ComReg chun caighdeán seirbhíse An Post i gcomhair píosa amháin poist tosaíochta[1] (an gnáth comhfhreagras ó lá go chéile a chuireann daoine aonair agus gnónna, mór agus beag sa phost) agus i rith na bliana d'fhoilsigh ComReg tuarascáil bhliantúil TNS mrbi don bhliain 2003 agus torthaí feidhmiúcháin gach ráithe. Léirigh na tuarascálacha go raibh níos lú ná trí as ceithre mhír ghnáthchomhfhreagrais ( píosa amháin poist) seachadta an lá tar éis dóibh a bheith curtha sa phost agus go raibh 4% nach raibh seachadta fós trí lá níos déanaí. Tá achoimre ar na torthaí seo thíos.

| | Post Náisiúnta (D+1) | Post Áitiúil (D+1) | Post Náisiúnta (D+3) |
|---|---|---|---|
| Spriocthacar | 94% | 94% | 99.5% |
| Q2 2003 | 71% | 75% | NÍ HEOL |
| Q3 2003 | 76% | 79% | 97% |
| Q4 2003 | 67% | 72% | 97% |
| Bliain Iomlán 2003 | 71% | 75% | 96% |

Rinne ComReg athscrúdú ar na spriocanna caighdeáin gur gá do An Post a bhaint amach. Níor mhór go leagfaí síos sprioc níos airde ná an ceann a bhí leagtha síos roimh má bhí An Post chun a bheith ar chomhchéim leis an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta. D'aithin ComReg go mbeadh sé seo mí-réalaíoch, i gcomhthéacs dhroch-ghníomhú na bliana roimhe sin, agus dá bhrí sin leag sé síos sprioc arís a bhí ar chomhchéim le meán na hEorpa. Deimhníodh na spriocanna seo ag 94% D+1 agus 99.5% D+3[2].

### Torthaí Trasteorann na hEorpa

Tá torthaí do 2003 foilsithe ag an International Post Corporation (IPC) freisin ar chaighdeáin na seirbhíse poist idirnáisiúnta san Eoraip. Léiríonn na torthaí feabhas tríd is tríd a bheith tagtha ar an bhfeidhmíocht ó 2002 i leith.

### Tobhach Poist

Mar chuid de na socruithe i gcomhair tabhairt isteach Údaruithe Seirbhíse Poist chuir ComReg tús le hathbhreithniú ar an Tobhach Poist. Tar éis comhairliúchán poiblí rinneadh ordú tobhach athbhreithnithe a fhoilsiú ar 31 Nollaig, 2003[3]. Rinneadh ordú tobhach nua a fhoilsiú an 28 Meitheamh 2004[4] ag clúdach na tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh 2005. Foilsíodh treoirlínte comhaill i mí Feabhra 2004.

### Postchóid

Déanann an Universal Postal Union (UPU) cur síos ar an bPostchód mar bhuneilimint riachtanach de sheoladh, agus aitheantóir sainiúil, uilíoch, a aithníonn go cinnte comharsanacht an tseolaí agus a chabhraíonn le seoladh agus sórtáil míreanna poist. Faoi láthair, baineann 117 tír atá mar bhaill den UPU úsáid as Postchóid mar chuid dá gcóras seoltaí. Tá Éire ar an aon tír san Aontas Eorpach gan córas postchóid, agus go deimhin ar cheann de líon beag tíortha sa domhan forbartha.

Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt agus d'fhoilsigh ComReg a Thuarascáil Postchóid i mí Eanáir 2005. Molann an tuarascáil go dtabharfaí faoi staidéar féidearthachta sonraithe maidir le tabhairt isteach postchóid. Molann an tuarascáil bunú Grúpa Oibre ionadaíoch a thabharfaí an fhreagracht dó i gcomhair forbairt plean feidhmiúcháin chun córas postchóid phoiblí a bhunú. Lorgódh an Grúpa Oibre cabhair agus tuairimí ó gach páirtí leasmhar. D'aithin ComReg na buntáistí seo a leanas de chóras postchód:

- Bheadh seoladh uathúil ag líon tí tuaithe gan ainmneacha stairiúla bhailte fearainn a chailliúint
- Chabhródh postchóid le gnólachtaí Éireannacha a bheith níos éifeachtaí
- Thabharfadh postchóid Éire isteach leis na cleachtais is fearr idirnáisiúnta
- D'fheabhsódh postchóid éifeachtacht na rannóige poist

[1] Faoi réir na bprionsabal atá leagtha síos Chaighdeán Eorpach agus Éireannach I.S. EN 13850: 2002 'Seirbhíse Poist – Caighdeán Seirbhísí - Tomhas am iompar seirbhísí ó dheireadh go deireadh i gcomhair píosa amháin poist tosaíochta agus post den chéad ghrád'

[2] Faoi réir na bprionsabal atá leagtha síos Chaighdeán Eorpach agus Éireannach I.S. EN 13850: 2002 'Seirbhíse Poist – Caighdeán Seirbhísí - Tomhas am iompar seirbhísí ó dheireadh go deireadh i gcomhair píosa amháin poist tosaíochta agus post den chéad ghrád'

[3] I.R.Uimh 733 de 2003 ag clúdach na tréimhse ó 1 Eanáir 2004 go dtí Meitheamh 30 2004.

[4] I.R.Uimh 401 de 2004

# Rialáil Poist

ar lean

## Praghsanna An Post

I rith na bliana rinne ComReg athbhreithniú ar phraghsanna An Post i gcomhair seirbhísí Poist Intíre agus aontaíodh ar na méaduithe seo a leanas sa phraghas ar sheirbhísí atá in áirithe do An Post le héifeacht ón 30 Lúnasa 2003:

| Formáid | Praghas Ceadaithe (suas le 100g) | Bunphraghas |
|---|---|---|
| Litir Chaighdeánach | 48c | 41c go 50g<br>60c go 100g |
| Clúdach Mór | 60c | 47c go 50g<br>60c go 100g |
| Clúdach Mór | 96c | 47c go 50g<br>60c go 100g |

## Taraifí Litirphoist Idirnáisiúnta

Ar 5 Eanáir 2004, mhéadaigh An Post an praghas i gcomhair seirbhísí poist trasteorann. Faoi dheireadh na tréimhse atá faoi athbhreithniú ní raibh an t-eolas cuí faighte fós ag ComReg ó An Post chun cur ar a chumas a chinntiú ar chomhlíon na praghsanna nua na Prionsabail Taraifí atá leagtha síos i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002, I.R.616 de 2002.

## Comhaontuithe Dleachtaí Teirminéil

Rialaíonn na Comhaontuithe Dleachtaí Teirminéil an méid airgid a fhaigheann An Post as ucht post a sheachadadh in Éirinn ar son oibreoirí poist idirnáisiúnta eile. Tá a mhíshástacht curtha in iúl ag ComReg go minic do An Post nach bhfaigheann sé ar ais an costas iomlán a bhíonn i gceist air chun post isteach trasteorann a sheachadadh.

Cé go dtuigeann ComReg go gcaithfidh saoirse a bheith ag An Post a chuid idirbheartaíochta féin a dhéanamh sa chaoi is fearr ina gceapann sé féin, chomh fada is go gcomhlíonann sé a oibleagáidí, is cúis imní nach beag é nach bhfuil an cheist seo réitithe go fóill i gcomhthéacs na tábhachta a bhaineann leis ó thaobh cúrsaí airgeadais An Post de agus an drochthionchar atá aige ar chostais phoist do ghnónna agus do thomhaltóirí araon.

# Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

## An tAontas Eorpach

Faoi chreat rialála an AE don rannóg cumarsáide leictreonaí, soláthraíonn Grúpa Rialtóirí na hEorpa (ERG) struchtúr foirmiúil d'idirchaidreamh idir údaráis rialála náisiúnta ar fud an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach. Cabhraíonn an Grúpa leis an bhfeidhmíocht choitianta den chreat rialála agus feidhmíonn sé mar chomhlacht comhairleach do mhachnamh, plé agus comhairle. Oibríonn an ERG clár oibre i gcomhar leis an nGrúpa Neamhspleách Rialtóirí (IRG) atá comhdhéanta de bhallraíocht níos leithne. Tá ComReg rannpháirteach go gníomhach sa dá fhóram a chasann i gcomhar lena chéile.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, chas na Grúpaí le chéile ar chúig ócáid faoi leith. In Aibreán 2004, glacadh le Comhsheasamh ar an gcur chuige i leith leigheasanna cuí sa chreat rialála nua. Tá an cháipéis seo ar cheann de na nithe is mó atá bainte amach go dtí seo ag an ERG agus cuireann sé go suntasach le feidhmíocht rialta agus chaighdeánaithe na dTreoracha a rialaíonn an rannóg cumarsáide leictreonaí i ngach Ballstát. Clúdaíonn an Chomhsheasamh bunphrionsabail fheidhmíochta forálacha na creata rialála i margaí éagsúla. Forálann sé i gcomhair fheidhmíocht sheasamhach agus i gcomhréir i dtarlúint teipe margaidh.

Le leathnú amach leathanbhanda mar phríomheilimint de Chlár Oibre Liospóin an Aontas Eorpaigh agus straitéis forbartha náisiúnta, ghlac an grúpa le Comhsheasamh ar Rochtain Ghiotánsrutha freisin. Sainíonn an cháipéis seo an táirge, déanann sé imlíniú ar fhorálacha rialacháin a fheidhmíonn i ngach Ballstát agus déanann sé moltaí chun cabhrú le comhordú rochtana.

Ar na forbairtí suntasacha eile bhí seoladh iarracht comhordaithe taobh istigh den rannóg shoghluaiste margadh sruthaireachta idirnáisiúnta mórdhíola a shainiú D'fhéadfadh an tionscnamh seo trédhearcacht a chur ar fáil do NRA chun muirir shruthaireachta idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith iomarcach a laghdú. Chuaigh an Grúpa i mbun oibre i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach ar athbhreithniú Mholadh 1998 na CE ar scaradh cuntasaíochta agus cuntasaíocht costais, chun ionas go gcomhlíonfadh sé riachtanais reachtaíochta reatha.

## An Coiste um Threoracha Poist

Cuireann an Coiste um Threoracha Poist, a bunaíodh i 1998 tar éis tabhairt isteach na creata rialála don rannóg poist (Treoir 97/67/EC), fóram ar fáil i gcomhair comhairle agus malartú faisnéise idir údaráis náisiúnta agus an Coimisiún Eorpach. Tá ComReg, i gcomhar le hoifigigh ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, páirteach go gníomhach sa Choiste AE seo. Déanann an Grúpa monatóireacht ar an obair atá ar bun ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus molann sé don Choimisiún cé acu caighdeáin ar chóir dó a bheith sainordaithe do bhallstáit a thabhairt isteach. Mhol an cruinniú i mí na Samhna 2003 go mbeadh an Caighdeán "EN13850:2002: Quality of service – Measurement of transit time of end-to-end services for single piece priority mail and first class mail" sainordaithe chun caighdeán seirbhíse a thomhas. Déanann an Coiste monatóireacht ar aistriú isteach agus cur i bhfeidhm na dTreoracha Poist agus ar leagan síos spriocanna caighdeán seirbhíse na nÚdarás Rialála Náisiúnta freisin.

## An Coiste Cumarsáide

Cuireann an Coiste Cumarsáide (CoCom), a bunaíodh i 2002 tar éis tabhairt isteach na creata rialála nua, fóram ar fáil i gcomhair comhairle agus malartú faisnéise idir údaráis náisiúnta agus an Coimisiún Eorpach. Tá ComReg, i gcomhar le hoifigigh ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, páirteach go gníomhach sa Choiste comhairliúcháin AE seo. Déanann an grúpa comhordú ar ionchur agus measúnú tionscnaimh an Choimisiúin, agus, i rith na tréimhse atá i gceist, ba iad seo a leanas na príomhtháirgí: tuarascáil chomparáideach ag sonrú rochtain leathanbhanda ar fud an Aontas Eorpaigh; glacadh páirt i staidéar an Choimisiúin ar sholáthar línte léasaithe, ag féachaint ar thréimhsí seachadta, amanna deisiúcháin agus feidhmíocht infhaighteacht seirbhísí; plé ar Dhréachtmholadh ar sholáthar leathanbhanda thar línte cumhachta; measúnú ar na baic ar sholáthar fisiciúil bhonneagar 3G sna Baillstáit; forbairt agus cur i láthair thuarascáil ag déileáil le teileachumarsáid agus riachtanais daoine le míchumas; agus leanacht suas ar chur i bhfeidhm na hUimhreach Éigeandála Eorpaí Amháin 112.

## An Grúpa um Beartas an Speictrim Raidió

Bunaíodh an Grúpa um Beartas an Speictrim Raidió (RSPG) i 2002 tar éis glacadh leis an gCinneadh Speictrim Raidió. Is é ról an RSPG ná 'Tuairimí' foirmiúla a ghlacadh chun cuidiú leis an gCoimisiún Eorpach maidir le hábhair bheartais speictrim raidió agus chun comhairle a chur air. I rith thréimhse na tuarascála d'fhorbair na RSPG Tuairimí ar impleachtaí an athraithe chuig craolachán digiteach ar an speictream agus ar thrádáil thánaisteach cearta chun speictream raidió a úsáid. Chuir sé tús le hobair ar fhorbairt Tuairim ar WAPECS, cur chuige beartais speictrim AE comhordaithe chuig ardáin rochtana raidió i gcomhair seirbhísí cumarsáide leictreonacha. Is é cuspóir Wireless Access Platforms for Electronic Communications Services (WAPECS) ná chun a chinntiú go bhfuil speictream ar fáil thar réimse leathan seirbhísí agus feidhmchlár chun teacht le riachtanais chlár oibre Liospóin, agus chun cloí leis an sprioc beartais fhor-iomláin iomaíochas a fhorbairt i margadh inmheánach an AE agus na hEorpa. Tá ComReg rannpháirteach go gníomhach sa RSPG agus sa Choiste Speictream Raidió.



# Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta
ar lean

**Coiste Speictream Raidió**

Cabhraíonn an Coiste Speictream Raidió (RSC) leis an gCoimisiún Eorpach i bhforbairt agus glacadh le beartais chur i bhfeidhm teicniúla atá dírithe ar choinníollacha i gcomhréir a chinntiú i gcomhair infhaighteacht agus úsáid éifeachtach speictream raidió, chomh maith le hinfhaighteacht faisnéise maidir le húsáid speictream raidió. I measc na saincheisteanna a pléadh a bhí aisghairm an Treoir ERMES (ar chóras glaoireachta Eorpach), chun úsáidí nua an bhanda mhinicíochta 169 MHz a éascú, agus bandaí minicíochta ag 1670 MHz agus 1800 MHz a bhain leis an iarchóras teileachumarsáide eitleoireachta domhanda (TFTS); forbairt sainchúraim do CEPT ar thabhairt isteach chóras cumarsáide Ultra-Leathanbhanda (UWB) san Eoraip; stádas speictrim i gcomhair ghairis ghearr-raoin, agus forbairt leanúnach chreat rialála AE feiliúnach chun úsáid an bhanda 24 GHz a éascú sa ghearrthéarma agus 79 GHz san fhadtéarma i gcomhair feidhmchláir radar gearr-raoin (m.sh., córais fhrith-iombhualadh feithiclí).

**An Chomhdháil Eorpach do Riaracháin Phoist agus Teileachumarsáide**

Tá an Chomhdháil Eorpach do Riaracháin Phoist agus Teileachumarsáide (CEPT) comhdhéanta de 46 tír mar bhaill agus is fóram Eorpach atá ann i gcomhair chur chun cinn comhréir agus roinnt faisnéise i réimsí rialacháin phoist, teileachumarsáide agus raidióchumarsáide. Láimhseálann an Coiste Cumarsáide Leictreonaí (EEC) saincheisteanna teileachumarsáide agus raidióchumarsáide. Tá ComReg gníomhach san ECC agus i roinnt dá ghrúpaí oibre agus foirne tionscnaimh chomh maith le bheith sa chathaoir ar an nGrúpa Oibre um Bainistiú Minicíochta (WGFM).

Láimhseálann an Coiste Eorpach do Rialachán Poist (CERP) le saincheisteanna poist. Tá ComReg gníomhach i CERP agus a ghrúpaí oibre agus foirne tionscnaimh chomh maith le bheith sa chathaoir ar an nGrúpa Oibre ar Phost Trasteorann. Mar bhall den Fhoireann Tionscadail ar Chuntais Chostais bhí páirt gníomhach ag ComReg i réiteach mholadh CERP ar na prionsabail ar chóir a leanúint i mbunú córais chuntasaíochta costais sa rannóg poist.

Príomhtharlúint i rith na tréimhse tuairiscíochta ab iad réitithe na hEorpa faoi scáth CEPT i gcomhair an chéad chéim de Chomhdháil Raidió Réigiúnach (RRC-04) Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU) ar chraoltóireacht dhigiteach. Reachtáladh RRC-04 sa Ghinéiv i mí Bealtaine2004 agus ba chruinniú ullmhaitheach den chuid is mó a bhí ann i gcomhair ath-phleanáil mhórchúiseach na mbandaí minicíochta craoltóireachta chun tabhairt isteach chraoltóireacht dhigiteach a éascú (fuaim agus teilifís). Bhí freagracht ar ComReg, mar chathaoir an EEC WGFM i gcomhair chomhordú agus threorú na n-idirbheartaíochtaí Eorpacha i rith RRC-04. Bhí toradh dearfach ar an gcomhdháil, mar baineadh amach cuspóirí uile na hEorpa agus ComReg i mbunú chreat fheiliúnach don chéad chéim eile i 2006.

Ar na hábhair eile a láimhseáil CEPT i rith na tréimhse sin a bhí forbairt cinntí ar infhaighteacht bhandaí minicíochta i gcomhair thabhairt isteach Gairis Shoghluaiste Talún Digiteacht Bhanda Leathan sna bandaí 400 MHz agus 800/900 MHz, agus oibriú faoi shainchúram ón gCoimisiún Eorpach chun coinníollacha teicniúla agus, go háirithe, oibriúcháin atá dírithe ar úsáid éifeachtach speictrim ó thaobh WLAN sna bandaí 5 GHz a thabhairt i gcomhréir, agus úsáid miníochta i gcomhair Gairis Ghearr-Raoin agus feidhmchláir Ultra-Leathanbhanda a thabhairt i gcomhréir.

# Gníomhaíochtaí Forásacha

### Gníomhaíochtaí Forásacha

Déanann Clár Forásach ComReg monatóireacht ar nuálaíochtaí margaidh agus teicneolaíochta atá ag tarlú sa rannóg teileachumarsáide agus déanann sé staidéar ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhorbairt margaidh in Éirinn. Scrúdaíonn an clár na saincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht aníos ionas gur féidir linn measúnú a dhéanamh agus pleanáil conas ar chóir dár mbeartais rialacháin forbairt sa todhchaí, leis an tsúil chun an nuálaíocht a éascú agus cabhrú le rannóg teileachumarsáide na hÉireann forbairt a dhéanamh. Mar shampla, rinneadh forbairtí i réimse cumarsáide gan sreanga ar nós teicneolaíochtaí i gcomhair Líonraí Raidió Limistéir Ceannchathartha (m.sh. Wi-Max) agus príomhghnéithe slándála de theicneolaíochtaí atá ag teacht aníos a chur chun suntais i rith na bliana.

### Painéal Stiúrtha an Chláir Fhorásaigh

Cuireann ComReg painéal de chomhairleoirí sinsearacha le chéile chun cabhair a thabhairt le treorú an Chláir Fhorásaigh agus chun cuidiú leis an gclár sin. Tagann an painéal le chéile i dtimpeallacht ceardlainne dhá nó trí huaire in aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a rinneadh faoin gclár agus chun cabhrú forbairt a dhéanamh air, chun ábhair nua a mholadh chun scrúdú a dhéanamh orthu, agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna cumasacha. Is í an Coimisinéir Isolde Goggin a bhíonn ina cathaoirleach ar na ceardlanna sin. Tionóladh dhá chruinniú i rith na bliana. Bhí an chéad cheann, a bhí ar siúl in Institiúd Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2003 agus bhí an dara cruinniú ar siúl i mBaile Átha Cliath i rith mhí an Mhárta 2004.

### Nótaí Faisnéisithe faoi Fhorbairtí Teicneolaíochta

Déileálann Nótaí Eolais an Chláir Fhorásaigh le teicneolaíochtaí a bhíonn i mbéal forbartha agus le forbairtí gaolmhara a mheastar a imreoidh tionchar suntasach ar mhúnla agus ar threo an mhargaidh theileachumarsáide sa todhchaí. Cé go bpléann na Nótaí le hábhair theicniúla casta ar uairibh, is í an aidhm atá ag ComReg ná léitheoirí, a bhfuil cur amach éigin acu ar theileachumarsáid ach nach bhfuil cúlra teicneolaíochta acu, b'fhéidir, a chur ar an eolas. Is é príomhchuspóir na Nótaí sin cuidiú le ComReg a chlár oibre a fhorbairt agus cinntí a bhfuil bonn maith eolais leo a dhéanamh. Bíonn ról níos leithne ag Nótaí Eolais áirithe, áfach, chun aird an phobail a tharraingt ar shaincheist, spéis a chothú agus, i gcásanna áirithe, nuálaíocht a spreagadh i dteicneolaíocht nua nó teicneolaíochtaí atá i mbéal forbartha.

I rith na bliana, foilsíodh Nótaí Eolais ar na hábhair seo a leanas:

- Forbairtí i Líonrú TFC - Bailiúchán de nótaí faisnéise (Meán Fómhair 2003; ComReg 03/110)
  - Lionrú idir chomhghleacaithe
  - Líonraí ad hoc agus mogalra
  - Líonraí gan sreang i gceantair uirbeacha
  - Forbairtí i dteicneolaíocht naisc gan sreang

- Impleachtaí slándála do chomhlachtaí teileachumarsáide nua agus ag teacht chun cinn. Teicneolaíocht (Márta 2004; ComReg 04/29)

- Teicneolaíocht na h-aeróige cliste (Bealtaine 2004; Comreg 04/52)

# Cumarsáid agus Foilseacháin

**An tAonad Gnóthaí Poiblí**

Eisíonn ár nAonad Gnóthaí Poiblí preasráitis agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis in iúl do na meáin agus don phobal thar ceann ComReg. Bainistíonn an tAonad ár láithreán gréasáin freisin, déileálann sé le ceisteanna ó na meáin, agus eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir. Ina theannta sin tá sé freagrach as foilsiú na Tuarascála Bliantúla agus Nuachtlitir Ráithiúil ComReg.

Tionólann ComReg Comhdháil Náisiúnta gach bliain faoi ábhar sonrach. Tugtar cuireadh do chainteoirí tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ó chúlraí ábhartha a gcuid saineolais a roinnt lenár dtoscairí. Cuireann na himeachtaí sin ardán cuí ar fáil chun faisnéis a roinnt, chun aiseolas a fháil agus chun plé a dhéanamh i measc gach lucht leasa sna hearnálacha rialála agus teicneolaíochta.

Ar 1 Deireadh Fómhair, 2003, thionóil ComReg a Chomhdháil Náisiúnta san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann. Faoin teideal "Get Connected", ba é cuspóir na comhdhála na bealaí nua a lorg chun tomhaltóirí agus gnóthaí a spreagadh chun dul ar líne. Ba é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha, Dermot Ahern TD, a d'oscail an Chomhdháil agus d'fhreastail os cionn 150 toscaire uirthi.

Thionóil ComReg siompóisiam ar Phostchóid freisin ar 24 Samhain, 2003 in Óstán an Gresham, Baile Átha Cliath. D'fhreastail os cionn 90 toscaire ar an gComhdháil agus rinne sí scrúdú ar chuid de na príomh-shaincheisteanna i leith impleachtaí chóras postchóid a thabhairt isteach in Éirinn.

**Cáipéisí ComReg a foilsíodh idir mí Iúil 2003 agus mí an Mheithimh 2004**

| Achoimre ar na Cáipéisí a foilsíodh | |
|---|---|
| Comhairliúchán | 28 |
| Freagairt ar Chomhairliúchán | 18 |
| Breithiúnas | 18 |
| Cinneadh | 2 |
| Nóta Mioneolais | 4 |
| Rialúcháin | 14 |
| Fógra Faisnéise | 33 |
| Tráchtaireacht ar an Margadh agus tuarascálacha gaolmhara | 18 |
| Óráid | 3 |
| Eile | 84 |
| | 222 |

Is féidir liosta na gcáipéisí a foilsíodh i rith na bliana a fháil in aguisín 1 den Tuarascáil seo agus tá gach cáipéis le fáil ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie

# Rialachas Corparáide

Tá sé mar chuspóir ag an gCoimisiún a chinntiú go gcloítear le cleachtas is fearr um Rialachas Corparáide. Ghlac an Rialtas leis an Code of Practice for the Governance of State Bodies i nDeireadh Fómhair 2001. Leagann an Cód síos prionsabail Rialachais Chorporáide a bhfuil ar chomhlachtaí Stáit glacadh leo.

Deir an Cód freisin, áit a bhfuil forálacha i reachtaíocht a bhaineann le comhlacht Stáit a rialaíonn ábhair atá faoi réir an Chóid Chleachtais, go mbeidh na hábhair seo fós á rialú ag an reachtaíocht ábhartha. I gcás ComReg, forálann Mír 33 den Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002, go nglacfaidh an Coimisiún, le ceadú an Aire agus an Aire Airgeadais, cód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an Code of Practice for the Governance of State Bodies) agus go ndéanfaidh sé socruithe i gcomhair a fhoilsiúchán i ndiaidh an cead sin a fháil. Tá ár gcód bainistíochta airgeadais ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, agus an t-Aire Airgeadais. Tá sé foilsithe ar ár láithreán gréasáin.

Chun cloí leis an gcleachtas is fearr sa réimse seo, tá Coiste Iniúchadh de chúigear ball bunaithe ag an gCoimisiún chun maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas tuairisciú airgeadais agus córais stiúrtha inmheánach ComReg. Is baill seachtracha iad triúr de bhaill an Choiste Iniúchta, cathaoirleach an Choiste san áireamh.

Cloíonn ComReg leis an Code of Practice for the Governance of State Bodies agus tá comhlíonadh dearbhaithe aige le míreanna ábhartha an chóid sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó eile i litir chuig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

# Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2004


| | |
|---|---|
| Tuairisc an Chathaoirligh | 44 |
| Ráiteas um Chúraimí an Choimisiúin | 45 |
| Ráiteas faoin gCóras Rialúcháin Airgeadais Inmheánaigh | 46 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 47 |
| Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta | 48 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 49 |
| Clár Comhardaithe | 50 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 51 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 52 |

# Tuairisc an Chathaoirligh

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2004

Cuireann sé áthas orm tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don tréimhse dar críoch 30 Meitheamh 2004 a chur in bhur láthair.

### Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar 1 Nollaig 2002. Bhí feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Baineann na feidhmeanna sin le rialúchán agus ceadúnú thionscal na cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur craolacháin agus raidió) agus le rialáil na seirbhísí poist. Bhí an Coimisiún maoinithe ina iomláine ó ioncam a fuarthas ó na tionscail chumarsáide leictreonaí agus poist. Ba í an éifeacht a bhí le bunú an Choimisiúin ná Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide a scor ar 1 Nollaig 2002 agus feidhmeanna an Stiúrthóra a aistriú chuig an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide.

### Torthaí Airgeadais

Tá mionsonraí thorthaí airgeadais an Choimisiúin leagtha amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leo. Ní léiríonn na torthaí don bhliain aon bharrachas ná easnamh.

### Iniúchóirí agus Cuntais

Faoi réir an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún gach cuntas iomchuí agus gnách de gach airgead a fuair nó a chaith sé i gcibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún cuntais i leith gach bliain faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Laistigh de 42 lá tar éis na cuntais a bheith iniúchta, éilítear ar an gCoimisiún cóip de na cuntais sin mar aon le tuairisc iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur faoi bhráid an Aire Chumarsáide, Mhara agus Acmhainní Nádúrtha.

### Rialachas Corporáide

Tá rún daingean ag an gCoimisiún na caighdeáin is airde maidir le rialachas corporáide a chothabháil. Is é an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bonn ar a mbíonn ár mbeartais rialachas corparáide bunaithe. Is éard atá mar pholasaí againn ná a leanúint den dea-chleachtas i réimse an tsoláthair agus féachaint chuige go gcomhlíontar gach riachtanas cuí maidir le imréiteach cánach.

Cuireann alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, an dualgas ar ComReg chun glacadh le cód bainistíochta airgeadais , le ceadú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus socruithe a dhéanamh dá fhoilsiú tar éis an cheadaithe sin a fháil. Lena chois sin, ní mór don Choimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistithe airgeadais agus é a leasú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún freisin tagairt a dhéanamh ina thuarascáil bhliantúil don chloí leis an gcód.

Táimid tar éis ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) a chur faoi bhráid an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus ghlac an tAire agus an tAire Airgeadais leis. Is é beartas an Choimisiúin féachaint chuige go ngéilltear go hiomlán dár gcód bainistíochta airgeadais.

### Gnóthas Leantach

Rinne na Coimisinéirí fiosruithe agus creideann siad go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun leanúint ar aghaidh ag oibriú sa todhchaí atá rompu, agus chun bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh in ullmhúchán na ráiteas airgeadais.

### Íoc pras cuntas

Admhaíonn an Coimisiún a chúram chun an cloí le gach gné ábhartha d'fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) ("Na Rialacháin") a chinntiú. Táthar tar éis gnáthaimh a chur i bhfeidhm le dátaí dlite d'íoc sonrasc a aithint agus lena chinntiú go n-íocfaí iad faoi na dátaí sin. Is féidir a bheith réasúnta cinnte de thoradh na ngnáthamh sin nach ndéanfar sárú ábhartha ar na Rialachán. Ba é an beartas íoctha i rith na bliana faoi athbhreithniú ná chun cloí le riachtanais na Rialachán seo.

### Sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe

Tugtar cosaint do shábháilteacht, sláinte agus leas fhostaithe an Choimisiúin trína chloí le caighdeáin sábháilteachta seanbhunaithe a chomhlíonann le riachtanais an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas le linn Oibre, 1989. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an ráiteas sábháilteachta agus ar a chloí leis an reachtaíocht iomchuí.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
23 Márta 2005

# Ráiteas um Chúraimí an Choimisiúin

DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2004

Faoin alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, coinneoidh an Coimisiún gach cuntas iomchuí agus gnách ar airgead a fuair nó a chaith sé i gcibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Caithfidh sé seo cuntas ioncaim agus caiteachais a léiriú mar aon le clár comhardaithe a dhéanfaidh idirdhealú idir

a) na feidhmeanna atá aige maidir le cumarsáid leictreonach agus
b) na feidhmeanna atá aige maidir le cúrsaí poist.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, éilítear ar an gCoimisiún

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar réasúnach agus críonna iad;
- caighdeáin infheidhmithe cuntasaíochta a leanúint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha uathu sin a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nár chuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair iomchuí cuntais a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith stádas airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go dtagann na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta. Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
23 Márta 2005

# Ráiteas faoin gCóras Rialúcháin Airgeadais Inmheánaigh

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2004

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg), admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcothabháiltear is go n-oibrítear córas éifeachtach rialúcháin airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil.

### Eochair-Nósanna Imeachta Rialúcháin

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún chun timpeallacht chuí rialúcháin a chinntiú trí

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí

- cineál, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí a bhíonn os comhair an chomhlachta a aithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- mheasúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta;
- mheasúnú ar chumas an chomhlachta chun críche aithint rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialacháin áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas rialúcháin airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis ach go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Coimisiún a athbhreithniú agus a aontú;
- athbhreithnithe rialta ag an gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamh-mheastachán;
- spriocanna a shocrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialúcháin soiléire faoin infheistíocht chaipitiúil;
- disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Cheap an Coimisiún Bastow Charleton le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialúcháin airgeadais inmheánaigh. Tá an Coimisiún gníomhach ag cur le torthaí an athbhreithnithe seo. Socraíodh nósanna imeachta ó dheireadh na bliana seo caite chun feidhm iniúchta inmheánaigh a bhunú.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de ComReg, a mbíonn an fhreagracht orthu as an gcreat rialúcháin airgeadais a fhorbairt agus a bhainistiú, agus ar ráitis a dhéanann tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir bhainistíochta agus i dtuairiscí eile dá chuid.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialacháin

Dearbhaímse go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh i rith na bliana dar críoch 30 Meitheamh 2004.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
23 Márta 2005

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 48 go 58 faoi réir an tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002.

### Freagrachtaí Bhaill an Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Choimisiúin leagtha amach ar leathanach 45. Is í an fhreagracht atá orm ná tuairim neamhspleách a bhunú faoi na ráitis airgeadais a chuir an Coimisiún faoi mo bhráid, bunaithe ar an iniúchadh, agus tuairisc a thabhairt fúthu.

Déanaim athbhreithniú má fhreagraíonn an ráiteas faoin gcóras rialúcháin airgeadais inmheánaigh ar leathanach 46 um chomhlíonadh an Choimisiúin le treoirlínte infheidhmithe maidir le rialachas corparáide, agus déanaim tuairisc faoi aon ásc ábhartha mura dtarlaíonn a leithéid, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile a bhíonn ar m'eolas ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais.

### Bunús leis an Tuairim Iniúchta

I gcleachtadh na feidhme atá agam mar Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir na gcaighdeán iniúchóireachta a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta agus le tagairt do na comaoineacha speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú a dhéanamh ar na breithiúnais agus na meastacháin suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Choimisiúin, arna bhfeidhmiú go leanúnach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinne mé an t-iniúchadh a phleanáil agus a stiúradh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bhí riachtanach a fháil chun fianaise leordhóthanach a bheith ar fáil dom d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha cibé de bharr calaoise nó neamhrialtachta eile nó earráide iad. Agus mo thuairim á bunú agam, rinne mé measúnú ar leordhóthanacht fhor-iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

### Tuairim

I mo thuairimse, choinnigh an Coimisiún leabhair iomchuí cuntais agus tugann na ráitis airgeadais, a thagann leo sin, léargas cruinn agus cothrom ar stádas ghnóthaí an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide ag 30 Meitheamh 2004 agus ar an ioncam agus caiteachas agus a shreabhadh airgid don bhliain dar críoch sin.

**John Purcell**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Márta 2005

